SEAI Sustainable Energy Authority of Ireland | Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

# Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais

## 2015





## I gceannas ar an aistriú go fuinneamh inmharthana in Éirinn









## INNEACHAR


### Straitéis

| | |
|---|---|
| **Ráiteas an Chathaoirligh** | **3** |
| **Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh** | **4** |
| **Achoimre ar an Amlíne Gníomhaíochta 2015** | **6** |
| **2015 Athbhreithniú** | **8** |
| Cabhair do Shaoránaigh le Bheith Níos Éifeachtúla | 8 |
| Teicneolaíochtaí Glana a Fhorbairt | 12 |
| Tacú leis an Earnáil Ghnó agus Leis an Earnáil Phoiblí | 18 |

### Rialachas

| | |
|---|---|
| **Rialachas Corparáideach** | **24** |
| **Bord agus Coistí an SEAI in 2015** | **27** |
| **Bord an SEAI** | **28** |
| **Coistí an Bhoird in 2015** | **30** |
| **Tuarascáil Bhliantúil um Éifeachtúlacht Fuinnimh 2015** | **32** |

### Airgeadas

| | |
|---|---|
| **Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird** | **34** |
| **Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste** | **35** |
| **Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach** | **36** |
| **Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe** | **38** |
| **Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach** | **39** |
| **Ráiteas ar an Staid Airgeadais** | **40** |
| **Ráiteas ar Shreabhadh Airgid** | **41** |
| **Nótaí a bhaineann leis na Ráitis Airgeadais** | **42** |


# ÁR MISEAN

Ról ceannasach a dhéanamh chun Éire a chlaochlú go sochaí atá bunaithe ar struchtúir, teicneolaíochtaí agus chleachtais fhuinnimh inmharthana.

SEAI SUSTAINABLE ENERGY AUTHORITY OF IRELAND

# ÉACHTAÍ I 2015

## €47m
Cuireadh tacaíocht deontais €47 milliún ar fáil faoin gclár Fuinnimh Níos Fearr ar mhaithe le huasghráduithe éifeachtúlachta fuinnimh foirgnimh a dhéanamh ar chostas €113 milliún. Cothaíodh 2,650 post de bharr na hoibre sin

## 21,600
Uasghrádaíodh 21,600 teach agus 360 foirgneamh pobail

## €4.7m
Cuireadh tacaíocht €4.7 milliún ar fáil do thionscadail taighde agus forbartha a bhain le fuinneamh aigéin agus le fuinneamh in-athnuaite

## 20
D'fhoilsigh an SEAI 20 ceann de thuarascálacha anailíse ar bheartas fuinnimh

## 16,000
16,000 táirge éifeachtúlachta fuinnimh ó 300 soláthraí ar an gClár Trí E

## €2.7m
Cuireadh deontais arbh fhiú €2.7 milliún iad ar fáil do na 562 fheithicil leictreacha nua a cláraíodh sa bhliain

## 180
D'éirigh le 180 ball den Líonra Fuinnimh Mórthionscail a raibh caiteachas fuinnimh €1.3 billiún acu suim €36 milliún a choigilt

## €121m
D'éirigh le heagraíochtaí earnála poiblí suim €121 milliún a choigilt ó thaobh fuinnimh de. Chláraigh 71 eagraíocht earnála poiblí le comhaontuithe foirmiúla agus chuir 17 gcinn díobh tús le deimhniú ISO 50001

## 68,000
Bhíothas i dteagmháil le 68,000 dalta trí chlár scoileanna an SEAI

## 73,000
Bhainistigh an SEAI 73,000 glao teileafóin, agus rátáil sástachta 92% á baint amach aige ina leith

## CFG
Sheol an SEAI tairseach ar líne um Chóras Faisnéise Geografaí (CFG) ar fhuinneamh in-athnuaite



“”

Léiríonn an méid a baineadh amach faoin gclár mar aon le hanailís a rinne ÚFIÉ arís is arís eile gur mó na leasanna eacnamaíochta, comhshaoil agus sochaíocha iolracha a eascraíonn as gníomhaíocht fuinnimh inmharthana ná na costais. Ní rogha é easpa gníomhaíochta leis an bhfírinne a rá.

# RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH



## IS MÓ NA LEASANNA A BHAINTEAR AS GNÍOMHAÍOCHT FUINNIMH INMHARTHANA NÁ NA COSTAIS

**Ba bhliain shuntasach í 2015 don chlár um fhuinneamh inmharthana agus an dúshlán a bhaineann leis an athrú aeráide. Cuimhneofar ar an gcomhaontú a aontaíodh i bPáras ag COP21 i mí na Nollag mar chor cinniúna sa díospóireacht ar an aeráid. Ag labhairt dó ag seimineár ÚFIÉ, rinne an Dr Kevin Anderson ó Ollscoil Mhanchain cur síos ar an COP21 mar "bhua tábhachtach taidhleoireachta tar éis do 196 ceannaire domhanda glacadh leis an eolaíocht a bhaineann leis an athrú aeráide, murar ghlac siad leis na himpleachtaí".**

Níos cóngaraí don bhaile, i mí na Nollag 2015, d'fhoilsigh an tAire Alex White, a bhí ina Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, an Páipéar Bán: "An tAistriú go Todhchaí Fuinnimh Ísealcharbóin in Éirinn 2015 – 2030". Leag sé amach fís don aistriú go córas fuinnimh glan, ísealcharbóin a bheadh neamhdhíobhálach don chomhshaol faoi 2050 agus chuir sé an saoránach fuinnimh i gcroílár an chreata beartais, mar ghníomhaire agus mar thairbhí araon.

Agus Rialtas Nua Comhpháirtíochta bunaithe i mí na Bealtaine 2016, d'athraigh ár máthair-roinn go dtí an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Chomhshaoil. Den chéad uair, tá roinn rialtais aonair ag Éirinn a bhfuil an fhreagracht uileghabhálach aici as comhbheartais agus comhghníomhaíochtaí d'fhonn baol an athraithe aeráide a mhaolú. Is comhartha maith don todhchaí an bhéim a leagtar ar an bhfocal "gníomhú" i dteideal na Roinne nua. Táimid ag súil le bheith ag obair leis an Aire Denis Naughten, TD, anseo san Údarás, an chéad Aire um Ghníomhú ar son na hAeráide. Chuaigh a gcuid focal go mór i bhfeidhm orm ag oscailt na Ceardlainne Idirnáisiúnta ar Fhuinneamh 2016, dúirt sé "Is trí dhaoine a thabhairt linn – ní trí fhianaise eolaíochta amháin, ní trí bheartas amháin, ach trí bhealaí praiticiúla ina mbeidh daoine sa chroílár – a d'fhéadfaimis bogadh i dtreo todhchaí dícharbónaithe."

Tá go leor ann a bhféadfaimis bheith dearfach faoi maidir leis na forbairtí ach tá na dúshláin fós follasach. Léiríonn na figiúirí fuinnimh comhardaithe sealadacha, a d'fhoilsigh an tÚdarás do 2015, torthaí measctha maidir leis an athrú go geilleagar ísealcharbóin in Éirinn. Bhí méadú timpeall 5% ar úsáid iomlán fuinnimh agus astaíochtaí CO2 ábhartha na hÉireann araon. Cé go raibh an méadú seo níos lú ná an ráta fáis eacnamaíoch atá ag 8%, léiriú is ea é ar an nasc atá ann arís idir fuinneamh agus fás eacnamaíochta. Sa tréimhse chéanna, bhí méadú 13% ar úsáid fuinnimh in-athnuaite na hÉireann le haghaidh cumhachta, teasa agus iompair.

Tugann na figiúirí seo suntas do chastacht ár gcórais fuinnimh agus an idirghníomhaíocht idir fás eacnamaíochta, imscaradh fuinnimh in-athnuaite agus praghsanna breoslaí iontaise. D'fhéadfaí an dul chun cinn atá déanta maidir le himscaradh fuinnimh in-athnuaite agus praghasanna breoslaí iontaise a scrios go héasca má theipeann orainn an nasc idir úsáid fuinnimh agus fás eacnamaíochta a bhriseadh agus an bogadh ó bhreoslaí iontaise a bhrostú, breoslaí le hastaíochtaí arda ach go háirithe amhail gual agus móin. Tá dul chun cinn leantach ag teastáil maidir le héifeachtúlacht fuinnimh inár dtithe agus inár ngnóthaí mar aon le húsáid níos mó a bhaint as fuinneamh in-athnuaite ar fud na dteicneolaíochtaí go léir inár gcóras fuinnimh.

Léiríonn an méid a baineadh amach faoin gclár mar aon le hanailís a rinne ÚFIÉ arís is arís eile gur mó na leasanna eacnamaíochta, comhshaoil agus sochaíocha iolracha a eascraíonn as gníomhaíocht fuinnimh inmharthana ná na costais. Ní rogha é easpa gníomhaíochta leis an bhfírinne a rá. Níl an cheist ann a thuilleadh ar cheart dúinn éirí as breoslaí iontaise ach cén fáth, agus cé chomh tapa. Ba bhreá leis an Údarás deis a bheith againn ár bpáirt a dhéanamh agus tacú leis an Aire agus leis an máthair-roinn chun tabhairt faoin dúshlán sin.

D'fhágamar slán lenár gcomhghleacaí agus iar-Phríomhfheidhmeannach Dr Brian Motherway. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil do Bhrian as a cheannaireacht ar an Údarás ó 2012 agus guím gach rath air agus é i ról nua spéisiúil mar Cheannaire na Roinne um Éifeachtúlacht Fuinnimh ag an nGníomhaireacht um Fhuinneamh Idirnáisiúnta.

Ba mhaith liom fáilte is fiche a chur roimh Jim Gannon mar Phríomhfheidhmeannach nua an Údaráis. Is gairmí san earnáil fuinnimh é Jim atá lán le fuinneamh agus a bhfuil meas ag gach duine air le taithí fairsing i ngach gné a bhaineann le beartas fuinnimh a chur i bhfeidhm. Agus é ag obair leis an bhfoireann feidhmiúcháin, tógfaidh sé ar an méid a baineadh amach le cúpla bliain anuas agus treoróidh sé an eagraíocht go dtí an chéad chéim eile a éilíonn dícharbónú gasta an chórais fuinnimh go léir.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil don Aire agus d'oifigigh na Roinne as a gcuid tacaíochta agus spreagtha leanúnaigh don Údaras mar a oibrímid lena chéile i dtreo ár spriocanna um fuinneamh agus athrú aeráide.



**Julie O'Neill**
Cathaoirleach
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

# ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH



## IS TRÉIMHSE CHORRAITHEACH Í SEO GO NÁISIÚNTA AGUS GO HIDIRNÁISIÚNTA SAN FHUINNEAMH INMHARTHANA

**Tar éis dom a bheith ag obair san earnáil fuinnimh le cúig bliana déag anuas, tá a fhios agam go rímhaith le fada an lá go mbíonn obair fhiúntach ar bun ag Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ) agus go bhfuil cáil air as a chúraimí a chur i gcrích ar fud go leor earnálacha. Is onóir dom é gur ceapadh mé le déanaí mar Phríomhfheidhmeannach an Údaráis, ag dul i gceannas ar eagraíocht iontach, ag tréimhse chinniúnach ina saol.**

Tá ÚFIÉ bródúil as cláir éifeachtúlachta fuinnimh rathúla a sholáthar a chlúdaíonn na n-earnálacha tráchtála agus baile. Is í éifeachtúlacht fuinnimh méadaithe ar an modh is éifeachtaí ó thaobh costais de chun astaíochtaí carbóin a laghdú; méadaíonn sé seo ár n-acmhainn iomaíochta; laghdaíonn sé ár spleáchas ar bhreoslaí iontaise allmhairithe agus an risíocht eacnamaíochta intreach a théann leis sin. Ionsamhlaíonn na gníomhaíochtaí seo fás eacnamaíochta bunúsach agus fostaíocht inár ngeilleagar. D'urraigh na cláir Fuinneamh Níos Fearr arna riar ag ÚFIÉ €113 milliún d'úasgrádú fuinnimh foirgnimh, a thacaíonn le 2,600 post. Tairbhe indíreach shuntasach a eascraíonn as an ngnóthú seo is ea fás leantach agus éabhlóid na bPobal Fuinneamh Inmharthana mar cheannairí a stiúrfaidh an t-aistriú fuinnimh in Éirinn. Ní féidir beag is fiú a dhéanamh den chumhacht a bhaineann leis an bpobal áitiúil ag cur lena bhfeasacht agus lena nguth maidir le fuinneamh agus beidh torthaí níos suntasaí mar gheall air seo ag an leibhéal áitiúil agus náisiúnta sa mhéantéarma agus san fhadtéarma.

Tríd ÚFIÉ, tá uasghrádú teasa nó inslithe de shaghas éigin déanta ar 300,000 teach agus tá Ráta Foirgnimh Fuinnimh ag beagnach trian de thithe. Díreofar ar léargais shoiléire, atá bunaithe ar shonraí, a fháil ar na bearta agus cónaisc is éifeachtaí ó thaobh costais de ar fud foirgneamh cónaithe agus neamhchónaithe sa ghearrthéarma mar thoradh ar an ngníomhaíocht seo agus toisc go bhfuil ardchéim bainte amach ag roinnt clár ÚFIÉ. Má bhaintear úsáid níos fearr as ár mbunachar sonraí forleathan, gheofar an luach is fearr agus déanfar roghanna níos fearr don saoránach nua fuinnimh.

Is uirlis ríthábhachtach í dianananailís don Údarás agus don Rialtas araon chun na bealaí ar an gcostas is lú a shainaithint i dtreo sochaí ísealcharbóin d'Éirinn. In 2015, d'fhoilsigh ÚFIÉ "Deis éifeachtúlachta fuinnimh a scaoileadh" a chuir béim ar na leasanna suntasacha a eascraíonn as gníomhaíocht chomhbheartaithe ar éifeachtúlacht fuinnimh ar fud an gheilleagair. Tugann an anailís le tuiscint gur mó na leasanna eacnamaíochta a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh ná na costais. Léiríonn sé chomh maith, áfach, cé go bhfuil iad siúd atá tar éis glacadh leis seo gníomhú, ní dheachaigh an formhór ina bhun go hiomlán go fóill go dtí seo agus go bhfuil an t-uafás acu ann fós atá chun amhlaidh a dhéanamh. Tá sé in am d'úinéirí tí agus do ghnóthaí dul i ngleic ar bhealach rannpháirteach le héifeachtúlacht fuinnimh mar bhealach chun a mbillí fuinnimh a laghdú agus sochair níos leithne a chur ar fáil don tsochaí, lena n-áirítear sláinte agus folláine.

Maidir le fuinneamh in-athnuaite, tá raon acmhainní agus deiseanna ag Éirinn a gcaithfimid úsáid a bhaint astu ar bhealach iomchuí agus ciallmhar. Cé go ndíreofar ar níos mó teicneolaíochtaí seanbhunaithe gréine, bitheolaíochtaí agus gaoithe a úsáid sa ghearrthéarma agus sa mheánthéarma leis an tacaíocht chuí agus na cúinsí pleanála, ní mór dúinn úsáid ár n-acmhainní fuinnimh aigéin sa todhchaí a chur san áireamh. Thug ÚFIÉ €4.7 milliún de thacaíocht do thionscadail thaighde agus phleanála a bhain le hacmhainní fuinnimh aigéin in 2015. Sheol an tÚdarás ardán CFG chomh maith, a feabhsaíodh go mór agus a ghnóthaigh go leor gradam, ina mbeidh léarscáileanna d'acmhainní bitheolaíochta, gaoithe, aigéin agus geoiteirmeacha ar fáil. Leis na hacmhainní saibhre comhshaoil agus mionsonraí spáis sin, tacófar le cinntí criticiúla a dhéanamh faoi scéimeanna fuinnimh inbhuanaithe nua a fhorbairt lena soláthraítear uirlisí cinnteoireachta atá ar fáil go hoscailte don lucht déanta beartais, d'fhorbróirí agus do phobail.

**2,600**

I 2015 ÚFIÉ faoi riaradh Níos Fearr Cláir Fuinnimh tacaíocht thart ar 2,600 post

**BER**

tá Ráta Foirgnimh Fuinnimh ag beagnach trian de thithe

**€113m**

Tá € 113 milliún infheistithe i foirgneamh uasghráduithe fuinnimh in 2015

Ní mór a lua go mbeidh gá le hinfreastruchtúr a imscaradh gan aird ar an meascán teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite sa todhchaí. Mar thír, tá sé foghlamtha againn sa deich mbliana a d'imigh thart go bhfuil toil láidir ann agus gá le hidirphlé luath maidir le himscaradh infreastruchtúir, a bhaineann le fuinneamh, ab fhéidir tarlú. Tá sé ríthábhachtach go ndéantar an t-idirphlé seo bunaithe ar fhíorais agus nach ndéantar díobháil don idirphlé ar bhealach amháin nó ar bhealach eile mar gheall ar thuairimí dochreidte nó claonpháirteacha. Lena chois sin, ní mór dúinn forbairt an saoránaigh fuinnimh a éascú a bheadh gafa lena chúramí ar bhealach níos fearr agus a bhraithfeadh go mbeadh smacht aige ar chúrsaí fuinnimh agus a bhraithfeadh go mbeadh úinéireacht agus freagracht araon aige as ár n-éiceachóras fuinnimh.

Is tréimhse chorraitheach í seo, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, i réimse an fhuinnimh in-athnuaite. Is dócha nach é Comhaontú Aeráide Pháras a aontaíodh ag deireadh 2015 an réiteach is fearr ach is cor cinniúna é don díospóireacht ar an athrú aeráide. Ba léiriú é an Páipéar Bán ar Fhuinneamh, a d'fhoilsigh an Rialtas ina dhiaidh, ar an uaillmhian a bhí taobh thiar de Chomhaontú Pháras. Chuir sé béim ar thábhacht agus teacht chun cinn an tsaoránaigh fuinnimh go príomha, ag léiriú dhaonlathú an éiceachórais fuinnimh ar bhonn incriminteach tríd an teicneolaíocht agus eangacha cliste ag tabhairt roghanna agus saoirse do shaoranaigh.

Is ina leithéid de chúlra a fhoilseoidh ÚFIÉ an chéad straitéis cúig bliana eile, an chéad straitéis dá leithéid a mbeidh cuspóirí agus spriocdhátaí fuinnimh an AE mar chuid dá tráthchlár. Déantar béim agus tábhacht na hoibre, atá ar bun againn san Údarás, a shoiléiriú mar gheall air seo agus sinn ag tacú leis an rialtas a chuspóirí a bhaint amach. Tacaíonn ÚFIÉ leis an uaillmhian atá taobh thiar dár ngealltanais náisiúnta agus idirnáisiúnta agus léireoidh an straitéis go bhfuilimid tiomanta i leith na ngealltanas sin a bhaint amach.

I gcomhréir lenár ról poiblí, cuirfidh mé béim láidir ar luach ar airgead poiblí a chinntiú. Bainfear é seo amach trí shármhaitheas eagraíochtúil a spreagadh agus trí fhoireann ardoilte, spreagtha a fhorbairt go leantach a ghabhann don obair ar bhealach dearfach a leanfaidh orthu treoir luachmhar agus léargas a sholáthar don shaoránach fuinnimh agus don phobal gnó.

Mar fhocal scoir, is mian liom buíochas a ghabháil le Cathaoirleach, le Bord, le bainistíocht agus le foireann ÚFIÉ as an bhfáilte a chuir siad romham agus as an tacaíocht a thug siad dom ó thosaigh mé, agus táim ag tnúth le hobair fhíorthábhachtach an Údaráis a threorú do na cúig bliana atá amach romham.



**Jim Gannon**
Príomhfheidhmeannach
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

“”

Lena chois sin, ní mór dúinn forbairt an saoránaigh fuinnimh a éascú a bheadh gafa lena chúramí ar bhealach níos fearr agus a bhraithfeadh go mbeadh smacht aige ar chúrsaí fuinnimh agus a bhraithfeadh go mbeadh úinéireacht agus freagracht araon aige as ár n-éiceachóras fuinnimh.

# ACHOIMRE AR AN AMLÍNE GNÍOMHAÍOCHTA 2015

**Bliain gnóthach is ea 2015 do ÚFIÉ go dtí seo, baineadh go leor amach ón stratéis atá soiléir agus comhsheasmhach agus rinneadh torthaí láidre oibriúcháin a sheachadadh.**



Eanáir

Feabhra

Márta

Aibreán

Bealtaine

Meitheamh



**Seoltar Pobail Fuinneamh Níos Fearr** ag tairiscint €13 milliún de thacaíocht as uasghrádú fuinnimh pobail.

Tá **Seó Fuinnimh ÚFIÉ** ar siúl ag cur na dteiceolaíochtaí fuinnimh inmharthana is déanaí os comhair an phobail agus ag tabhairt 3,800 freastalaí le chéile.






**Leagtar cábla faoin bhfarraige i mBá na Gaillimhe**; uasghrádú mór ar an infreastruchtúr T&F muirí náisiúnta chun acmhainneacht fuinnimh an aigéin in Éirinn a chur chun cinn.



Buann daltaí ó Choláiste Naomh Aloysius, i gCorcaigh comórtas scoile **ÚFIÉ “Smaoineamh Maith Amháin”**.




Tugann an tAire White cuairt ar na **hOileáin Árainn** áit ina raibh uasghrádú fuinnimh déanta ar dhá thrian d'fhoirgnimhna n-oileán.

**Síníonn Apple Meabhrán Tuisceana ÚFIÉ** chun forbairt fhuinneamh an aigéin a chur chun cinn in Éirinn agus cuireann siad €1 milliún de thacaíocht ar fáil.



Tagtar ar Chomhaontú Pháras ar an Athrú Aeráide ag **COP21** agus foilsítear Páipéar Bán Fuinnimh na hÉireann.




**Iúil** | **Lúnasa** | **Meán Fómhair** | **Deireadh Fómhair** | **Samhain** | **Samhain**

Seoltar tuarascáil ÚFIÉ **"An deis a thapú – Deiseanna le héifeachtúlacht fuinnimh"** lena dtaispeántar go sábháilfear €1.8 billiún d'Éirinn gach bliain má laghdaítear dramhaíl fuinnimh.







**Cuireann RTÉ a ainm le Comhpháirtíocht Fuinnimh ÚFIÉ** chun coigilteas fuinnimh 33% a sholáthar faoi 2020.

**Buann EPS sa chatagóir um cheannaireacht ag Gradaim ÚFIÉ**; d'éirigh le hiontrálaithe coigealtas fuinnimh de €48 milliún a bhaint amach.



# 2015 ATHBHREITHNIÚ




# CABHAIR DO SHAORÁNAIGH LE BHEITH NÍOS ÉIFEACHTÚLA



## AN SCÉIM TITHE FUINNIMH NÍOS FEARR

Faoin Scéim Tithe Fuinnimh Níos Fearr, soláthraítear deontais d'úinéirí tí agus do thiarnaí talún chun a n-ionaid réadmhaoine a dhéanamh níos éifeachtúla i dtaobh fuinnimh. Sa bhliain 2015, bhí méadú géar ann i líon na n-iarratas a fuarthas agus i líon na ndeontas a tarraingíodh anuas. Cuireadh 30,354 beart san iomlán chun feidhme in 12,200 teach, lenar áiríodh uasghráduithe ar insliú, ar chórais téimh agus ar ghrianphainéil. Tá an figiúr sin cothrom le méadú 23% ar líon na dtithe a uasghrádaíodh an bhliain seo caite. Tá an méadú sin inchurtha go príomha i leith na leibhéal méadaithe deontais a tugadh isteach i mí an Mhárta, a fhágann go bhfuil na deontais níos tarraingtí anois d'úinéirí tí agus do chonraitheoirí araon.

## AN SCÉIM UM FHUINNEAMH NÍOS FEARR, TITHE NÍOS TEO

Faoin Scéim um Fhuinneamh Níos Fearr, Tithe Níos Teo, soláthraíodh seirbhísí inslithe saor in aisce do 6,867 dteach leochaileacha sa bhliain 2015. Ba iad 31 chonraitheoir a chuir na hoibreacha sin i gcrích agus ceapadh iad de bhun tairisceana. Cothaíodh breis agus 600 post le linn na hoibre. Le linn na bliana 2015, chuir an SEAI córas nua i bhfeidhm chun an scéim a riar, rud as ar tháinig éifeachtúlachtaí oibriúcháin agus laghduithe i líon na mball foirne tacaíochta riaracháin.

**595,000**

Tá Rátáil Fuinnimh Foirgnimh ag 595,000 teach, beagnach trian de na tithe go léir.

## RÁTÁIL FUINNIMH FOIRGNIMH

Is é is Rátáil Fuinnimh Foirgnimh (BER) ann ná lipéad fuinnimh do thithe lena mbaintear úsáid as scála simplí A go G, áit a dtugtar A-rátáil do na tithe is éifeachtúla i dtaobh fuinnimh. I bhformhór na gcásanna, is i leith na dtithe sin a ghearrtar na billí fuinnimh is ísle. Is é a ghabhann leis an deimhniú BER ná Tuarascáil Chomhairleach ina dtugtar fógra d'úinéirí foirgnimh faoi réimsí ina bhféadfaí a bhfoirgneamh a fheabhsú. Is é an SEAI an tÚdarás Eisiúna atá freagrach as an scéim a riar.

Rinneadh 98,000 deimhniú eile BER a fhoilsiú d'fhoirgnimh chónaithe sa bhliain 2015, a fhágann go bhfuil deimhniú BER ag 595,000 teach anois. Is é sin, beagnach aon trian de na tithe uile. Rinneadh 7,700 deimhniú BER a fhoilsiú d'fhoirgnimh neamhchónaithe sa bhliain 2015, a fhágann go bhfuil deimhniú BER ag 36,000 foirgneamh neamhchónaithe anois. Tá 620 measúnóir BER ann faoi láthair, agus é de dhualgas orthu rátálacha a sholáthar d'úinéirí foirgnimh. Agus é ag féachaint leis an scéim a fheabhsú i gcónaí, téann an SEAI i dteagmháil leis na measúnóirí go rialta trí cheardlanna agus tríd an bpróiseas um Ghuth an Chustaiméara. Tá an Clár Náisiúnta BER ina fhoinse shaibhir sonraí lena gcuirtear bonn eolais faoi bheartas / straitéis agus lena spreagtar úinéirí foirgnimh feabhas a chur ar an bhfeidhmíocht fuinnimh i measc foirgneamh in Éirinn.

Sheol an SEAI comórtas Taighde Nuálaíochta do Ghnóthais Bheaga in éineacht le Fiontraíocht Éireann ag deireadh na bliana 2015, rud inar iarradh réitigh theicneolaíochta cliste lena ndéanfaí deimhnithe BER níos inrochtana agus níos tábhachtaí d'úinéirí tí.



# Fuinneamh Níos Fearr, Tithe Níos Teo – Feabhas á Chur ar Shaol Daoine

*'Táimid fíorbhuíoch as gach a ndearnadh dúinn. Is amhlaidh gur tháinig bunathrú ar ár dteach agus gur áit chompordach chluthar é anois de bharr na hoibre. Is féidir linn an difríocht a dhéantar leis an insliú a bhrath cheana féin agus tá an teach díonmhar ar shéideán anois. Ní bhíonn an teach préachta a thuilleadh nuair a éirímid ar maidin."*

**Patrick agus Helen Brosnan, láthair**

*'Ní féidir liom a chreidiúint cé chomh te is atá mo theach ó rinneadh an obair inslithe air, bím chomh seascair le luichín i stáca agus beidh mé cosanta ar aimsir fhuar an gheimhridh freisin. Bím ag coigilt airgid ar mo bhillí leictreachais freisin toisc nach gá dom an téitheoir leictreach a chur air i mo sheomra leapa a thuilleadh. Ba é sin an chéad uair riamh a rinneadh obair saor in aisce dom. Táim an-bhuíoch as sin.'*

**Ms Fleming, Baile Átha Cliath**




## Béim ar Sheirbhís do Chustaiméirí

*Le taighde ar Ghuth an Chustaiméara (VOC), cuirtear ar chumas eagraíochtaí riachtanais athraitheacha a gcuid custaiméirí a ghabháil go réamhghníomhach agus freagairt go tapa dóibh. Thug an SEAI próiseas VOC isteach sa bhliain 2015 chun tuiscint níos fearr a ghnóthú ar dhearcthaí ár gcuid custaiméirí agus chun athruithe a chur chun feidhme bunaithe ar a riachtanais. Sa taighde athfhillteach, soláthraítear don SEAI tacar mionsonraithe de mhianta custaiméirí agus dá riachtanais. Baintear leas ann as raon éagsúil teicnící tomhais chun aiseolas custaiméirí a fháil faoin dóigh a soláthraítear ár gcuid seirbhísí agus clár. Cuirtear an t-aiseolas in ord tosaíochta ansin, ag féachaint don tábhacht choibhneasta atá leis agus dár dtomhais maidir le sástacht custaiméirí. A bhuí leis an aiseolas a bailíodh cheana féin, bhíomar in ann coincheapa, smaointe agus réitigh nua a mheas bunaithe ar riachtanais ár gcuid custaiméirí.*

*Sa chéad bhliain ina raibh an córas VOC i bhfeidhm, d'éirigh linn rátáil fhoriomlán sástachta custaiméirí 92% a bhaint amach. Bhaineamar Glanscór Tionscnóra 72 amach freisin, rud ar tomhas ar dhílseacht custaiméirí é.*

**CAD IAD NA CUSTAIMÉIRÍ AG RÁ**




### BETTER ENERGY COMMUNITIES

An-iomaíoch a bhí an clár um Pobail Fuinnimh Níos Fearr sa bhliain 2015 agus bhain pobail áitiúla tairbhe shuntasach as na tionscadail a soláthraíodh sa bhliain. Caitheadh níos mó ná €13.8 milliún ar thacaíocht a thabhairt do 33 thionscadal fuinnimh pobail, agus coigilt fuinnimh 67 GWH á baint amach dá mbarr. Rinneadh uasghráduithe ar 2,400 teach agus ar 360 ceann d'fhoirgnimh phobail agus phoiblí, lenar áiríodh clubanna spóirt, leabharlanna, ionaid fóillíochta, scoileanna, saoráidí agus oifigí údaráis áitiúil, saoráidí earnála príobháidí agus foirgnimh thalmhaíochta.

Tionscadail amhail Scéim Rothar Pobail Chloich na Coillte, ar tionscadal nuálach é, agus an Biúró Bainistíochta Fuinnimh de chuid Údarás na Gaeltachta, ar tionscadal atá faoi lán seoil é, aithníodh iad sna Dámhachtainí Fuinnimh Inmharthana mar gheall ar shárfheidhmíocht in obair chomhair agus phobail.

### POBAIL FUINNIMH INMHARTHANA

Seoladh an clár um Pobail Fuinnimh Inmharthana sa bhliain 2006 ar dtús mar chuid de thionscadal Dhún Dealgan 2020 arna chistiú ag an gclár Concerto de chuid an AE. Earcaíodh trí údarás áitiúla faoin gclár ina dhiaidh sin chun a bheith ina bpobail eiseamláireacha. Treoirthionscadal a raibh sé mar aidhm leis cúnamh deontais a thabhairt do thionscadail fuinnimh faoi stiúir pobail, rinneadh an scéim um Pobail Fuinnimh Inmharthana de ina dhiaidh sin. Tá tacaíocht tugtha aici do níos mó ná 100 pobal in Éirinn ó shin i leith.

Mar aon le deontais, tuigeann an SEAI go dteastaíonn tacaíocht ó phobail freisin ionas gur féidir leo acmhainn áitiúil a fhorbairt, an chuid is fearr a bhaint as na deiseanna atá ar fáil dóibh agus a n-aistriú fuinnimh a chur i gcrích. Rinne an SEAI an clár um Pobail Fuinnimh Inmharthana (SEC) a athsheoladh sa bhliain 2015, agus 11 chur i láthair ar Phobail Fuinnimh Inmharthana á soláthar aige do níos mó ná 800 duine de bhaill phobail agus d'ionadaithe pobail. Chuaigh 20 líonra nua isteach sa líonra ina dhiaidh sin.

Trí obair a dhéanamh i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí eile stáit agus trí pháirt a ghlacadh sa Phlean Gníomhaíochta Réigiúnach do Phoist a fhorbairt, is gá do chomhlachtaí poiblí ábhartha i ngach ceann de na hocht réigiún tacú le pobail eiseamláireacha fuinnimh inmharthana a fhorbairt agus a chomhtháthú ag leibhéal áitiúil ionas go mbeidh ceannairí fuinnimh in ann an bunathrú fuinnimh a threorú sa phobal.

Féachadh sa chlár nua SEC ar cé na scileanna a bhí de dhíth chun rath a bhaint amach sa phobal. Forbraíodh an clár SEC chun tacú le forbairt na scileanna sin agus chun acmhainn a mhéadú ag leibhéal pobail. Thapaigh pobail an deis sin agus ghlac siad go maith leis an bhfís atá againn Pobail Fuinnimh Inmharthana a bheith againn ar fud na hÉireann agus chuaigh an líonra nua ó neart go neart sa bhliain 2015 dá bharr sin.

## Tionscadal Fuinnimh Pobail Camphill Community / DaysE



*Tríd an tionscadal seo, atá faoi stiúir ag eagraíocht neamhbhrabúis darb ainm Camphill Community, cuireadh uasghráduithe éifeachtúlachta fuinnimh agus uasghráduithe teicneolaíochta in-athnuaite i gcrích ar 100 foirgneamh, beagnach, ar fud na n-earnálacha uile: foirgnimh chónaithe, foirgnimh phobail agus foirgnimh thráchtála (óstáin, feirmeacha, clubanna spóirt) ina measc.*

*Ba é an ghné ba nuálaí den tionscadal ná an tsamhail um 'thiomsú airgid trí choigiltí fuinnimh'. Ba é DaysE, fiontar sóisialta atá lonnaithe i gCill Chainnigh, a d'fhorbair an tsamhail sin. Mar chuid den tionscadal, tháinig sainchomhairleoirí, ceannairí pobail, soláthraithe réitigh, comhpháirtithe fóntais agus úsáideoirí fuinnimh le chéile i bhfoirm fiontair shóisialta ar mhaithe le leas pobal. Leagadh spriocanna coigilte fuinnimh síos d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus do rannpháirtithe príobháideacha, a thug na creidmheasanna fuinnimh a thabhaigh siad ar aghaidh dá gcomhpháirtithe pobail ansin. I gcás fiontar beag agus meánmhéide áirithe a bhí páirteach sa tionscadal, thug siad sciar dá ndeontas do na rannpháirtithe pobail freisin. D'éirigh le DaysE cistiú breise €200,000 a thiomsú ó thabhartais, ó choigiltí fuinnimh agus ó chreidmheasanna fuinnimh chomh maith. Bhí gné 'Íoctar mar a Choiglítear' i gceist leis an tionscadal freisin, áit ar shuiteáil conraitheoirí trealamh ar shuíomhanna tráchtála agus neamhbhrabúis ar bhonn feidhmíochta fuinnimh.*

*Tá an tionscadal seo ar cheann de na tionscadail is mó arna gcistiú ag an SEAI agus is sárshampla é de phobail a bhíonn ag obair le chéile chun feabhas a chur ar shaoráidí do na daoine is mó gá ar mhaithe leis na saoráidí sin a dhéanamh níos compordaí agus níos saoire le reáchtáil.*

**€200,000**

Chruinnigh DaysE €200,000 breise de mhaoiniú ó thabhartais, ó choigilteas fuinnimh agus ó chreidmheasanna fuinnimh.

### CLÁR NA SCOILEANNA

Leanann líon mór múinteoirí agus daltaí araon le páirt a ghlacadh i gclár na scoileanna. Fuair an tionscadal 'Dea-Smaoineamh Amháin', a dtacaíonn AIB leis, 215 thogra feachtais feasachta fuinnimh ó 76 iar-bhunscoil sa bhliain. Bhí an figiúr sin cothrom le méadú 20% ar an bhfigiúr don bhliain seo caite. Maidir le treoirthionscadal inar leathnaíodh an scéim chuig bunscoileanna, fuair sé 70 togra feachtais ó 40 scoil.

Fuair breis agus 600 múinteoir Oiliúint Forbartha Gairmiúla Leanúnaí ar an acmhainn 'Ár bhFuinneamh a Fhiosrú', an acmhainn idirghníomhach fiosrúbhunaithe de chuid an SEAI. Chomh maith leis sin, ghlac 20,000 dalta páirt i gceardlanna fuinnimh sa bhliain. Trínár ríomhiris do scoileanna agus trí na meáin shóisialta, bíonn an SEAI i dteagmháil rialta le breis agus 4,300 duine de mhúinteoirí agus de gheallsealbhóirí araon.






# TEICNEOLAÍOCHTAÍ GLANA A FHORBAIRT

## TAIGHDE FUINNIMH

Cuireann an Clár Taighde, Forbartha agus Imscartha dlús le táirgí, le próisis agus le córais iomaíocha a fhorbairt agus a imscaradh. Tacaíodh le taighde faoin gClár ar mhaithe le treoir a thabhairt don lucht déanta beartas agus do chomhlachtaí poiblí. Rud sonrach, chuir an SEAI tacaíocht €1 milliún ar fáil le haghaidh punann éagsúil tionscadal sa bhliain 2015. Bhí raon teicneolaíochtaí difriúla i gceist leis an bpunann sin agus chuimsigh sí, mar shampla, fuinneamh gréine, bithfhuinneamh, stóráil fuinnimh, fuinneamh geoiteirmeach agus éifeachtúlacht fuinnimh.

Gníomhaíonn an SEAI mar Thoscaire Náisiúnta faoi chlár taighde Fhís 2020 de chuid an AE agus, i gcomhar le Fiontraíocht Éireann, éascaíonn sé rannpháirtíocht Éireannach sa chlár. Faoi dheireadh na bliana 2015, bhí cistiú €20 milliún curtha ar fáil do rannpháirtithe Éireannacha faoi Fhís 2020 chun iad a chumasú tabhairt faoi thaighde a bhaineann le fuinneamh. I bhfoilseachán a seoladh i mí Mheán Fómhair, tarraingíodh aird ar cháilíocht agus ar éagsúlacht rath na hÉireann maidir le cistí Eorpacha a áirithiú chun tacú le taighde a bhaineann le fuinneamh.

A bhuí le páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí de chuid na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta Fuinnimh (IEA), cuireadh le taighde fuinnimh, le bonn fianaise agus le hobair chomhair idirnáisiúnta na hÉireann sa bhliain 2015. Rinne taighdeoirí agus eagraíochtaí Éireannacha ionadaíocht d'Éirinn i dtaighde comhoibríoch idirnáisiúnta a bhain le himscaradh fuinnimh ghaoithe, le bithfhuinneamh, le fuinneamh aigéin agus le teicneolaíocht eangaí cliste. Mar gheall ar rannpháirtíocht Éireannach san obair sin – rud a n-éascaíonn an SEAI é – forbraítear an acmhainn taighde atá againn anseo in Éirinn agus bítear in ann an dea-chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta a scaipeadh agus a chomhroinnt.

## STAITISTICÍ FUINNIMH, SAMHALTÚ FUINNIMH AGUS ANAILÍS FUINNIMH

Foilsíonn an SEAI staitisticí cuimsitheacha náisiúnta fuinnimh gach bliain ar an soláthar agus éileamh fuinnimh in Éirinn. Sa bhliain 2015, rinneadh réamhstaitisticí náisiúnta don bhliain 2014 a fhoilsiú ceithre mhí tar éis dheireadh na bliana, rud a léiríonn an bhéim a chuireann an SEAI ar shonraí tráthúla a fhoilsiú. Cuireadh na staitisticí náisiúnta sin faoi bhráid Eurostat freisin ar mhaithe le hoibleagáidí idirnáisiúnta dlíthiúla tuairiscithe a chomhlíonadh. Foilsíodh cúig thuarascáil sa bhliain 2015, inar cuimsíodh staitisticí náisiúnta ar tháirgeadh agus úsáid fuinnimh thar an tréimhse 1990-2014, ar fhuinneamh in-athnuaite, ar chumhacht is teas in éineacht agus ar phraghsanna leictreachais agus gáis. Ceann de na príomhthorthaí san obair sin is ea go mbíonn dea-dhul chun cinn á dhéanamh ag Éirinn maidir leis an aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin trí úsáid fuinnimh a laghdú agus trí úsáid a bhaint as foinsí fuinnimh atá níos glaine agus lena n-úsáidtear níos lú carbóin.

D'fhoilsigh an Grúpa um Shamhaltú Fuinnimh cúig staidéar chun tacú le cinnteoireacht fhianaisebhunaithe ar fud an Rialtais. Go háirithe, léiríodh leis an tSamhail um Gheilleagar Fuinnimh Inmharthana ón SEAI go mbainfeadh geilleagar na hÉireann agus fostaíocht sa tír araon tairbhe shuntasach as úsáid mhéadaithe a bhaint as fuinneamh glan dúchasach. I mórstaidéar ar éifeachtúlacht fuinnimh, díríodh ar na tairbhí suntasacha a ghabhann le leas a bhaint as an deis éifeachtúlachta fuinnimh agus tarraingíodh aird ar an ngá atá ann le hidirghabhálacha spriocdhírithe lena rachfar i bhfeidhm ar na gnéithe iompraíochta de chinntí tomhaltóirí agus gnóthas. Chomh maith leis sin, d'fhoilsigh an SEAI anailís mhionsonraithe chun bonn eolais a chur faoi na roghanna beartais atá ann ó thaobh teas in-athnuaite de agus faoin bhféidearthacht atá ann teaschaidéil foinse aeir a úsáid.



# Kingspan, Baile na Lorgan – Tionscadal Taispeána PV 2015

*Bíonn Kingspan Insulation, cuideachta atá lonnaithe i mBaile na Lorgan, ag baint leas as an spás dín atá aici chun leictreachas glan in-athnuaite a ghiniúint, rud a bhíonn ag cruthú coigiltí don ghnó gan aon chostais láithreacha chaipitil. Agus 1,200 painéal ann, tá an córas gréine fótavoltach (PV) 300 kW ar an tionscadal gréine PV is mó i bPoblacht na hÉireann agus meastar go gcoigleofar 3,500 tona de dhé-ocsaíd charbóin (CO2) thar shaolré an chórais. Ba é Kingspan-ESB – cuideachta comhfhiontair a sholáthraíonn córais chistithe ghréine PV do dhíonta foirgnimh – a rinne an tionscadal a fhorbairt agus a shuiteáil. Tríd an tsamhail chistithe um Fhuinneamh Gréine, is tríd an gcóras gréine PV a íocann gnó as an bhfuinneamh a úsáideann sé, agus ní as costas caipitil an chórais féin. Rinneadh an tionscadal a chomhchistiú le deontas €170,000 ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) faoin gclár Taighde, Forbartha agus Imscartha dá chuid agus tá gnéithe nuálacha de mhaoiniú agus de mhonatóireacht tionscadail i gceist leis. Is leis an gcóras a sholáthraítear thart ar 15% de lód bliantúil lae na monarchan. Is é Kingspan Insulation a cheannaíonn an leictreachas ar fad a ghintear leis an gcóras lena úsáid ar an láthair. Chomh maith leis sin, cuireann an tionscadal leis an sprioc inmharthanachta atá ag Grúpa Kingspan monarcha atá neodrach ó thaobh fuinnimh de a chruthú agus leis na huaillmhianta atá ag ESB maidir le dícharbónú.*

**3,500**

Sábháilfear 3,500 tonna de $CO_2$ mar gheall ar an gcóras gréine PV 300kW.



# 2015 ATHBHREITHNIÚ

Ceann de na tosaíochtaí a bhí ann sa bhliain 2015 ba ea an Clár um Bithfhuinneamh agus Cumhacht is Teas in Éineacht de chuid an SEAI a chur ar bun. Tá an tÚdarás ag tacú leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha a Straitéis Bithfhuinnimh a thabhairt chun críche agus a chur chun feidhme trí thaighde agus trí anailís a dhéanamh agus trí pháirt ghníomhach a ghlacadh sa Ghrúpa Stiúrtha um Bithfhuinneamh. Cuireadh measúnú cuimsitheach ar an acmhainneacht le haghaidh Comhghiniúint Ardéifeachtúlachta agus Téamh agus Fuarú Éifeachtúil in Éirinn i gcrích sa bhliain 2015 agus cuireadh é faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh ina dhiaidh sin, mar a cheanglaítear le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Éifeachtúlacht Fuinnimh), 2014.

Seoladh ardán feabhsaithe Córais Faisnéise Geografaí (GIS) sa bhliain 2015. Óstáiltear leis an GIS léarscáileanna maidir le húsáid bithfhuinnimh agus fuinnimh gheoiteirmigh, chomh maith le hatlas nuashonraithe maidir le húsáid fuinnimh ghaoithe. Leis an GIS, méadaítear an fháil atá ar acmhainní sonraí comhshaoil, agus líon na bhformáidí ina bhfuil na hacmhainní sin ar fáil, chun tacú le cinntí tábhachtacha faoi scéimeanna nua fuinnimh inmharthana a fhorbairt.

## FEITHICLÍ LEICTREACHA

Is amhlaidh go raibh méadú eile ann sa spéis i bhfeithiclí leictreacha (EV) sa bhliain 2015 agus thacaigh an SEAI leis an méadú sin trí dheontais arbh fhiú €2.7 milliún iad a chur ar fáil. Cláraíodh 562 fheithicil nua in Éirinn sa bhliain dá bharr. Tá an figiúr sin cothrom le méadú faoi dhó ar líon na bhfeithiclí a cláraíodh sa bhliain roimhe. Má tá an margadh EV chun rath a bhaint amach, tá sé tábhachtach go bhfásfaidh brandaí difriúla agus go mbainfidh siad sciar den mhargadh amach ar mhaithe le hinfheistíocht ó mhonaróirí a spreagadh. Cé go raibh feithicil amháin – an Nissan Leaf – freagrach as 75% de na díolacháin nua EV sa bhliain 2015, rinneadh feithiclí leictreacha hibrideacha nua a phlugáiltear isteach a thabhairt isteach i margadh na hÉireann sa bhliain freisin, lenar áiríodh cineálacha nua ó Volkswagen agus ó Volvo. Mar gheall go bhfuil breis agus 1,100 feithicil leictreacha nua cláraithe in Éirinn anois agus go mbíonn cineálacha nua ag teacht chun cinn go leanúnach, tá dea-ionchais ann do dhíolacháin sa bhliain 2016.




## Staidéar ar Leas a Bhaint as an Deis Éifeachtúlachta Fuinnimh

*Sa bhliain 2015, d'fhoilsigh an SEAI tuarascáil dar teideal 'Unlocking the Energy Efficiency Opportunity' ('Leas a Bhaint as an Deis Éifeachtúlachta Fuinnimh'), inar tarraingíodh aird ar na tairbhí suntasacha is féidir a bhaint amach trí ghníomh comhbheartaithe a dhéanamh ar éifeachtúlacht fuinnimh ar fud gach earnála den gheilleagar. Fuarthas amach sa tuarascáil go bhféadfadh teaghlaigh agus gnóthais €1.8 billiún a choigilt gach bliain dá ndéanfaidís bearta atá níos éifeachtúla i dtaobh fuinnimh. Chomh maith leis sin, dhéanfadh éifeachtúlacht fuinnimh laghdú ar spleáchas na hÉireann ar bhreoslaí iontaise iompórtáilte agus chruthófaí 2,000 post breise dá barr. Tugtar le fios san anailís go bhféadfaí clár comhardaithe an Rialtais a mhéadú faoi thart ar €1 billiún ach na feabhsuithe sin a dhéanamh ar éifeachtúlacht fuinnimh.*

*Tugtar fianaise san anailís gur mó i bhfad na tairbhí a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh ná na costais a ghabhann léi. Léirítear inti freisin, áfach, nach bhfuil a gcuid féin déanta ag gach duine go fóill beag beann ar na deiseanna ollmhóra atá ar fáil dóibh déanamh amhlaidh. Tá sé in am ag úinéirí tí agus ag gnóthais dul go gníomhach i mbun éifeachtúlacht fuinnimh ar mhaithe lena mbillí fuinnimh a laghdú agus le mórthairbhí, amhail sláinte agus folláine, a sholáthar don tsochaí. Leagadh raon gníomhartha tosaíochta beartais amach ansin chun Éire a chumasú an gealltanas a thug sí laghdú 20% a dhéanamh ar an éileamh ar fhuinneamh faoin mbliain 2020 a chomhlíonadh.*



## Oileáin Árann

*Teastaíonn ó Oileáin Árann fuinneamh is comhionann le 1,493 thona de choibhéis ola gach bliain, agus níos mó ná 60% den fhigiúr sin ag teastáil chun téamh a chur ar fáil d'áitritheoirí an oileáin. Is le cábla leictreach 3 MW faoi uisce a nasctar na hoileáin le mórthír na hÉireann.*

*I staidéar ar Oileáin Uile-Leictreacha a dhéanamh d'Oileáin Árann, féachadh ar an tionchar ar dhóigh dó bheith ann dá ndéanfaí soláthar foirgneamh na n-oileán a insliú trí leas a bhaint as teaschaidéil, dá n-úsáidfí feithiclí leictreacha amháin ar na hoileáin agus dá mbainfí leas as 1.8 MW d'fhuinneamh gaoithe áitiúil orthu. Dá ndéanfaí amhlaidh, tugtar le tuiscint san anailís go bhféadfaí iompórtálacha fuinnimh a laghdú faoi 84% agus go bhfanfadh na hoileáin neodrach ó thaobh fuinnimh de ar bhonn iompórtálacha/easpórtálacha glana.*


**84%**

Dá ndéanfaí amhlaidh, tugtar le tuiscint san anailís go bhféadfaí iompórtálacha fuinnimh a laghdú faoi 84% agus go bhfanfadh na hoileáin neodrach ó thaobh fuinnimh de ar bhonn iompórtálacha/easpórtálacha glana.

*Tugadh faoi thriail trí bliana ar na hoileáin, áit a raibh ocht bhfeithicil leictreacha in úsáid ag 30 tiománaí dhifriúla. Ghlac an pobal go han-mhaith le húsáid na bhfeithiclí. Tugadh le tuiscint sna torthaí go bhféadfaí laghdú de thart ar 70% a bhaint amach ar iompórtálacha díosail agus go bhféadfaí costais bhliantúla fuinnimh a laghdú faoi 80%.*

*Mar a tharla, chuir an Comharchumann áitiúil tús lena chlár éifeachtúlachta fuinnimh féin ar na hoileáin ansin, agus insliú á uasghrádú aige in ionaid réadmhaoine. I gcomparáid leis an mbonnbhliain, baineadh laghdú 24% amach i líon na mbreoslaí iontaise téimh a bhí á seoladh chuig na hoileáin. Le linn don Aire Alex White cuairt a thabhairt ar na hOileáin i samhradh na bliana 2015, chuir an Comharchumann in iúl go bhfuil sé mar uaillmhian aige a bheith ina Phobal Fuinnimh Inmharthana agus spleáchas nialasach a bheith aige ar bhreoslaí iontaise faoin mbliain 2023.*





## An Baoi Fuinnimh Aigéin (OE)

*Tá an SEAI ag tabhairt cúnamh deontais €2.3 milliún do New Wave Technologies Ltd chun leagan ar lánscála de Bhaoi OE na cuideachta - rud ar tiontaire fuinnimh thaoide atá nasctha leis an eangach é - a dhearadh agus a thógáil. Feiste ascalach fuinnimh thaoide ar snámh de chineál colúin uisce is ea an Baoi OE, rud ina bhfuil tuirbín déthreoch aeir. Tá an Baoi ar an gcéad fheiste fuinnimh thaoide arna dhearadh in Éirinn riamh chun lánscála a bhaint amach. Agus acmhainn rátáilte 500 kW inti, beidh an fhréamhshamhail 37 m ar fad agus 17 m ar leithead. Beidh tarraingt 9.5 m uirthi agus beidh thart ar 625 thona inti.*

**500 kW**

Agus acmhainn rátáilte 500 kW inti, beidh an fhréamhshamhail 37 m ar fad agus 17 m ar leithead. Beidh tarraingt 9.5 m uirthi agus beidh thart ar 625 thona inti.

*Le roinnt blianta anuas, tá an SEAI ag tacú le forbairt na feiste sin trí shraith diantástálacha a dhéanamh uirthi de réir scálaí agus castachtaí méadaitheacha, lenar áiríodh tástálacha umair ag Lir - an tSaoráid Náisiúnta Tástála Aigéin, agus tástálacha ag an suíomh tástála Fuinnimh Thaoide ar cheathrú scála i gCuan na Gaillimhe, áit ar éirigh leis an bhfeiste diandálaí stoirme agus tonnta suas le 8 m ar airde a sheasamh.*

*Ba í an Oifig Éifeachtúlachta Fuinnimh agus Fuinnimh In-Athnuaite de chuid na Roinne Fuinnimh sna Stáit Aontaithe, le tacaíocht bhreise ó Chabhlach na Stát Aontaithe, a chomhchistigh an fheiste. Imscarfar í ag an Suíomh Tástála Fuinnimh Thaoide (WETS) de chuid Chabhlach na Stát Aontaithe i Haváí sa bhliain 2016. Agus é mar aidhm leis forbairt Tionscadal Fuinnimh Aigéin a éascú, tá Meabhrán Tuisceana idir Éire agus na Stáit Aontaithe ar an mbonn leis an tionscadal.*

*Nuair a bheidh an tionscadal thart, deimhneofar feidhmíocht coinneála farraige agus táirgthe cumhachta an Bhaoi OE. Tá seans ann freisin go mbeifear in ann leas tráchtála a bhaint as an teicneolaíocht in Éirinn.*



## AN CLÁR FUINNIMH AIGÉIN

Tá an SEAI ag obair go gníomhach leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha chun an Plean Forbartha d'Fhuinneamh In-Athnuaite Amach ón gCósta a chur chun feidhme agus chun a chur in iúl go bhfuil ***Éire ar Oscailt le haghaidh Gnó*** ó thaobh forbairt fuinnimh aigéin de.

Tá deis uathúil ag Éirinn earnáil dhúchasach fuinnimh a fhorbairt, rud a dhéanfaidh mórdheiseanna poist a chruthú agus a chothú san fhadtéarma. Tá an SEAI ag forbairt cur chuige fíor-chomhoibríoch le gach gníomhaireacht ábhartha agus le gach roinn Rialtais faoi láthair, agus é mar aidhm leis tairseach aonair faisnéise agus rochtana a chur ar fáil dár dtionscal fuinnimh aigéin atá ag fás. Gné lárnach de na snáitheanna tacaíochta ábhartha uile a thabhairt le chéile is ea an tairseach fuinnimh aigéin **www.oceanenergyireland.com** a fhorbairt.

D'fhonn an bonneagar forbartha agus saoráide tástála a theastaíonn ó fhorbróirí a sholáthar d'Éirinn, chuir an SEAI acmhainní suntasacha ar fáil chun tacú le suíomhanna tástála den sórt sin a fhorbairt. Sa bhliain 2015:

- Shínigh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil an léas do **Shaoráid Tástála Fuinnimh Mhuirí an Atlantaigh (AMETS)** ar lánscála i mBéal an Mhuirthead, Co. Mhaigh Eo.
- Imscaradh faireachlann cábla agus fhomhuirí ag an suíomh tástála ar cheathrú scála i **gCuan na Gaillimhe**, rud lena bhfágtar gur féidir sonraí fíor-ama a bhailiú agus a chur in iúl. Faoi Mheabhrán Tuisceana leis an SEAI, tá **Apple Corporation** ag tairiscint comhchistiúcháin ar fiú suas le €1 milliún é le haghaidh teicneolaíocht a thástáil ag an suíomh sin.
- Críochnaíodh **Lir – an tSaoráid Náisiúnta Tástála Aigéin** a bhuí le hinfheistíocht de thart ar €15 milliún ón Stát. Is éard atá ar fáil sa tsaoráid anois ná trí umar úrscothacha tástála agus saintacaíocht innealtóireachta agus taighde.

Tríd an gCiste Forbartha Fréamhshamhla, tacaíonn an SEAI go gníomhach le forbairt teicneolaíochta inmharthana ar mhaithe le leas a bhaint as an acmhainn fhlúirseach fuinnimh aigéin atá againn. Rinne an SEAI deontais arbh fhiú €4.25 milliún san iomlán iad a bhronnadh ar 15 thionscadal nua sa bhliain 2015, a fhágann go bhfuil 69 dtionscadal cistithe aige go dtí seo. I measc na dteicneolaíochtaí suntasacha fuinnimh aigéin a cistíodh i mbliana, bhí tionscadal €1 milliún le haghaidh imscartha i gCuan na Gaillimhe; tionscadal €2.3 milliún le haghaidh imscartha amach as Haváí; agus tionscadal chun tástáil scálaithe a dhéanamh ar choincheap fuinnimh thaoide i nDugaí Luimnigh, rud a críochnaíodh sa bhliain 2015.

**€4.25m**

Rinne an SEAI deontais arbh fhiú €4.25 milliún san iomlán iad a bhronnadh ar 15 thionscadal nua sa bhliain 2015, a fhágann go bhfuil 69 dtionscadal cistithe aige go dtí seo.

**€1m**

Cuireadh €1 milliún ar fáil le caitheamh ar thionscadal maidir le teicneolaíocht ó fhuinneamh an aigéin i mBá na Gaillimhe.





# TACÚ LEIS AN EARNÁIL GHNÓ AGUS LEIS AN EARNÁIL PHOIBLÍ

## TACÚ LE HÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH I MEASC AN LUCHT TIONSCAIL AGUS GNÓ

Gné thábhachtach de chlár oibre an phobail ghnó is ea iomaíochas. Dá réir sin, leanann an SEAI de bheith ag díriú ar chláir um éifeachtúlacht fuinnimh agus ar chláir ghaolmhara um laghdú costais a chur chun cinn i measc gnóthas beag agus gnóthas mór araon. Cláir sheanbhunaithe líonraithe agus tacaíochta d'úsáideoirí fuinnimh ar gnóthais mhóra iad is ea an Líonra Fuinnimh Mórthionscail (LIEN) agus an Clár Comhaontuithe Fuinnimh (EAP). Agus caiteachas fuinnimh €1.3 billiún acu in aghaidh na bliana, comhroinneann an 180 ball den Líonra faisnéis faoi theicneolaíochtaí lena gcoiglítear fuinneamh agus faoi theicnící coigilte fuinnimh agus glacann siad páirt i dtionscnaimh lena gcumasaítear dóibh coigiltí fuinnimh agus CO2 a uasmhéadú. Thuairiscigh an Líonra coigiltí nua €36 milliún sa bhliain 2015. Rinneadh tionscnamh an tSainghrúpa Oibre a athghníomhachtú i mbliana freisin, áit a mbaineann rannpháirtithe tairbhe as staidéir chomhroinnte ar a n-úsáidí suntasacha fuinnimh trí fhéinmheasúnú agus trí fhorbairt modheolaíochtaí agus treoirlínte. Agus spriocanna uaillmhianacha dícharbónaithe leagtha síos ag cuid mhór gnóthas mór don tréimhse tar éis na bliana 2020, beidh an Líonra ina mheán tábhachtach maidir le iad a stiúradh feadh an bhealaigh.

Agus é i bhfeidhm le thart ar 10 mbliana anuas, leanann an Clár Fiontar Beag agus Meánmhéide de chuid an SEAI, nó an Clár Gnóthas Beag mar a thugtar air freisin, ar aghaidh le tacaíocht a thabhairt don earnáil dul i ngleic lena gcostais fuinnimh. Tríd an gclár sin, d'oibrigh an SEAI le breis agus 3,000 gnóthas de gach méid agus de gach cineál cheana féin agus d'éirigh leis coigiltí sa raon idir 10% agus 30% a sholáthar do rannpháirtithe. Aithníonn gnóthais anois go bhfuil tionscnaimh chiallmhara bhainistíochta fuinnimh ríthábhachtach maidir le feidhmíocht airgeadais a fheabhsú gan dochar a dhéanamh dá dtáirgiúlacht ag an am céanna.

**€36m**

Thuairiscigh an Líonra coigiltí nua €36 milliún sa bhliain 2015.

**3,000**

Tríd an gclár sin, d'oibrigh an SEAI le breis agus 3,000 gnóthas de gach méid agus de gach cineál cheana féin agus d'éirigh leis coigiltí sa raon idir 10% agus 30% a sholáthar do rannpháirtithe.

## AbbVie, Sligeach – Buaiteoir na Dámhachtana Fuinnimh do Ghnóthais Mhóra 2015




*Cuireadh AbbVie, Sligeach, ar bun sa bhliain 2002. Is saoráid cheadúnaithe úrscothach ardrialaithe ina monaraítear raon leathan táirgí cógaisíochta é. Tá ról ag an gcuideachta i dtáirgí nua ó AbbVie a thráchtálú agus a mhonarú agus tá acmhainn thiomnaithe aici comhábhair chumhachtacha ghníomhacha chógaisíochta agus táirgí drugaí a mhonarú. Tá AbbVie Ireland ag taispeáint ceannaireacht láidir ó thaobh inmharthanachta agus bainistíocht fuinnimh de le fada an lá, agus é ar an gcéad chuideachta in Éirinn a bhain deimhniú ISO 50001 amach. Chomh maith leis sin, d'éirigh leis an gcuideachta mórchoigiltí inmharthanachta agus éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach suas go deireadh na bliana 2012 - laghdú 32% ar úsáid leictreachais, laghdú 25% ar úsáid breosla, laghdú 21% ar úsáid uisce, agus laghdú 40% ar astaíochtaí $CO_2$ ina measc.*

*Sa bhliain 2013, chuaigh AbbVie i mbun straitéis uaillmhianach fáis ghnó ar mhaithe le hacmhainn a fhorbairt le haghaidh táirgí a bhí ann cheana féin agus le haghaidh teiripí nua a bhí ar na bacáin. Aithnítear sa straitéis fáis sin an gá atá ann leis an ngnó a fhorbairt ar bhealach inmharthana. Tá an méid sin á bhaint amach ag Foireann Fuinnimh AbbVie go príomha trí roinnt eochairthionscnamh inmharthanachta mar chuid den chlár uaillmhianach Bainistíochta Fuinnimh um an Lorg Carbóin a Laghdú. Cuireadh tús leis an gclár sin sa bhliain 2013 agus tá roinnt tionscnamh inmharthanachta soláthartha aige ó shin i leith. Agus €2.5 milliún infheistithe sa chlár ar fad, is ionann an clár inmharthanachta um an Lorg Carbóin a Laghdú agus infheistíocht shuntasach caipitil san inmharthanacht. Tá thart ar €0.8 milliún coigilte ag AbbVie i gcostais fuinnimh ó cuireadh tús leis an gclár. Tá 2,575 tona de $CO_2$ coigilte ag an gcuideachta freisin.*

**€0.8m**

Tá thart ar €0.8 milliún coigilte ag AbbVie i gcostais fuinnimh ó cuireadh tús leis an gclár. Tá 2,575 tona de $CO_2$ coigilte ag an gcuideachta freisin.



## LIÚNTAIS CHAIPITIL LUATHAITHE

Is éard atá i gceist leis an gclár um Liúntais Chaipitil Luathaithe ná dreasacht chánach lena dtugtar spreagadh do chuideachtaí infheistiú i dteicneolaíochtaí coigilte fuinnimh atá liostaithe ar an gClár 'Triple E' de chuid an SEAI. Ligtear dóibh an costas caipitil iomlán a bhaint dá mbrabús i mbliain amháin in ionad é a bhaint dá mbrabús in ocht mbliana, mar is gnách. Cabhraíonn sé le cuideachtaí trí shreabhadh airgid méadaithe agus costais laghdaithe fuinnimh a sholáthar dóibh. Chomh maith leis sin, cabhraíonn sé le soláthraithe táirge ar fud an 52 theicneolaíocht incháilithe difreáil mhargaidh a bhaint amach.

Méadaíodh an spéis atá ag soláthraithe táirge sa scéim go mór leis an gcinneadh a rinneadh an scéim a shíneadh go dtí an bhliain 2017. Cuireadh breis agus 4,000 táirge nua leis sa bhliain 2015, rud a d'fhág gurb ionann an líon iomlán táirgí agus 16,000, agus iad a bheith á soláthar ó níos mó ná 300 soláthraí táirge.

## Cumann Gailf Charraig an tSionnaigh – Buaiteoir na Dámhachtana Fuinnimh Inmharthana do Ghnóthais Bheaga



*Tar éis don SEAI grinnmheasúnú fuinnimh a dhéanamh air faoin gclár Measúnaithe, Meastóireachta agus Comhairle, chinn Cumann Gailf Charraig an tSionnaigh go mbeadh úsáid fuinnimh mar phríomhthosaíocht aige agus leag sé cur chuige soiléir struchtúrtha síos lena bainistiú. Áiríodh leis sin na príomhghnéithe de bhainistiú fuinnimh, is iad sin: daoine, eagrú agus gnéithe teicniúla. Thug an cumann faoi chlár ansin a raibh sé mar aidhm leis costais fuinnimh a laghdú, rannchuidiú dearfach a dhéanamh maidir leis an gcomhshaol, agus cláir chaomhnaithe fuinnimh a phleanáil agus a chur chun feidhme ar bhealach níos struchtúrtha. Aidhm eile leis an gclár ba ea go bhféachfadh baill agus cuairteoirí araon ar Chumann Gailf Charraig an tSionnaigh mar úsáideoir freagrach fuinnimh ag gach leibhéal dá chuid oibríochtaí.*

**20%**

I measc na dtairbhí díreacha a baineadh amach, bhí laghdú 20% (€6,600) sa chostas ar úsáid leictreachais agus gáis nádúrtha sna chéad naoi mí tar éis chríochnú an chláir.

*Ba é a bhí i gceist leis an tionscadal ná braiteoirí áitíochta a shuiteáil sa soilsiú LED, dhá choire ardéifeachtúlachta gáis lena gcomhdhlúthaítear uisce a shuiteáil, agus limistéar an chumainn a chriosú ina sheacht gcrios rialaithe téimh. Ina theannta sin, baineadh trí aonad neamhéifeachtúla is comhbhrúiteoirí cuisniúcháin sna seomraí fuara do dheochanna agus do bhia agus cuireadh aonad ardéifeachtúlachta amháin ina n-áit. Uasghrádaíodh an t-insliú teirmeach tríd an bpóirse agus trí bhallaí an chinn staighre a thirimlíneáil. Inslíodh an spás dín agus na humair uisce freisin.*

*I measc na dtairbhí díreacha a baineadh amach, bhí laghdú 20% (€6,600) sa chostas ar úsáid leictreachais agus gáis nádúrtha sna chéad naoi mí tar éis chríochnú an chláir. Baineadh laghduithe eile amach trí bhearta monatóireachta agus rialaithe a chur i bhfeidhm. Laghdaíodh astaíochtaí CO2 faoi 18% freisin.*

## ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH SAN EARNÁIL PHOIBLÍ

Cuirtear tacaíocht ar fáil sa chlár earnála poiblí do chomhlachtaí poiblí le go mbainfeadh siad a sprioc dhoiligh um éifeachtúlacht fuinnimh 33% amach faoin mbliain 2020.

Bunchloch den chlár is ea oibriú i gcomhpháirt, go háirithe leis na comhlachtaí sin a bhfuil ardéileamh ar fhuinneamh acu. Tá 75 chomhpháirtí chláraithe ag glacadh páirt ann freisin. Is comhpháirtithe iad atá freagrach as trí cheathrú den ídiú fuinnimh san earnáil phoiblí.

Méadaíodh an rannpháirtíocht sin sa bhliain. Thug grúpa 18 gcomhpháirtí gealltanas go ndeimhneodh siad a gcóras bainistíochta fuinnimh de réir chaighdeán Chóras Bainistíochta Fuinnimh ISO 5001. Chuaigh siad i bpáirt leis an líon beag comhlachtaí poiblí a rinne an beart sin cheana. Dearadh clár sainoiriúnaithe lenar cabhraíodh leis na 18 gcomhpháirtí dul ar an mbóthar ceart i dtreo deimhniúcháin. Tháinig grúpa eile sna sála orthu.

Aimsímid de ghnáth go bhfoghlaimímid ónár bpiaraí agus ní eisceacht é réimse an fhuinnimh. Freastalaítear ar an riachtanas sin le 'Energy Link', fóram ar líne a oibrítear faoin gclár ach comhroinnt ghníomhach agus malartú gníomhach faisnéise, eolais agus taithí fíorshaoil ar bhainistíocht fuinnimh a éascú. Is féidir a fheiceáil go bhfuil ag éirí go geal leis an gclár ó thaobh cur chun cinn de. Tá níos mó ná 1,200 cleachtóir earnála poiblí ina mball de.

Tá soilsiú poiblí ina phríomhúsáid fuinnimh agus ina phríomh-mhír chaiteachais do gach údarás áitiúil. Cé go mbeidh sé dúshlánach ardleibhéal seirbhíse don phobal a choinneáil ar bun agus an sprioc éifeachtúlacht fuinnimh 33% don bhliain 2020 á comhlíonadh ag an am céanna, cruthaítear deiseanna leis an dúshlán sin le teicneolaíochtaí soilsithe nua a thabhairt isteach. Is teicneolaíochtaí iad a bhítear ag cur ar fáil ar bhonn leanúnach. Príomhfhorbairt sa bhliain 2015 chun dul chun cinn a dhéanamh ar an gclár oibre sin ba ea bunú an Ghrúpa Stiúrtha Náisiúnta um Shoilsiú Poiblí. Tugadh geallsealbhóirí tábhachtacha amhail Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach (CCMA), Bonneagar Iompair Éireann (TII) agus an SEAI le chéile sa Ghrúpa.

Baineann ríthábhacht le dul chun cinn a rianú i gcomparáid leis an sprioc 33% do gach comhlacht lena mbaineann ionas go mbeidh siad ar an eolas faoina rathúla atá a gcuid iarrachtaí. Éascaíonn an SEAI an obair sin trí uirlis struchtúrtha ar líne Monatóireachta agus Tuairiscithe. Sa bhliain 2015, gabhadh sonraí ó níos mó ná 280 comhlacht poiblí atá freagrach i dteannta a chéile as 87% de chaiteachas iomlán na hearnála poiblí ar fhuinneamh. Is ionann é agus €600 milliún.



### Iarnrod Éireann

*Chuaigh Iarnród Éireann (IÉ) isteach sa chomhpháirtíocht earnála poiblí sa bhliain 2014. Tá an sprioc éifeachtúlacht fuinnimh 33% bainte amach aige cheana féin agus tá sé 36% níos éifeachtúla ná a bhonnlíne faoi láthair. Rinneadh é sin agus an leibhéal céanna seirbhíse (arna thomhas i gciliméadair traenach) á choinneáil ar bun ag an am céanna agus bhí ioncam laghdaithe á fháil ó dhíolacháin ticéid agus ó fhóirdheontais araon. Is ionann luach na gcoigiltí agus thart ar €22 mhilliún sa bhliain. An mórthionscadal a d'éascaigh na torthaí sin ba ea Carráistí nua-aimseartha 'Brú / Tarraingthe' agus Traenacha Díosail Ilaonad a chur in ionad rothstoc an-sean. Cuireadh tionscadail ar chórais téimh chun feidhme freisin agus laghdaíodh ídiú gáis faoi níos mó ná 50%. Tá IÉ i mbun oibre ar dheimhniú ISO 50001 a ghnóthú don eagraíocht agus tá Iosta Phort Laoise deimhnithe cheana féin. Rinneadh an tsaoráid do thiománaithe a dhearadh agus a thógáil de réir Chaighdeán Passivhaus agus trí úsáid a bhaint ar fud na n-oibreacha as ábhair atá neamhdhíobhálach don chomhshaol. Tá IÉ ar cheann de na deich gcomhlacht phoiblí is mó ó thaobh úsáid fuinnimh de. Mar thoradh air sin, cuireann coigiltí suntasacha atá á ngnóthú ag IÉ go mór le baint amach na sprice foriomláine don earnáil phoiblí.*

**€22m**

Is ionann luach na gcoigiltí agus thart ar €22 mhilliún sa bhliain.

## FUINNEAMH SAN OIDEACHAS

Sa bhliain 2015, lean an SEAI ar aghaidh ag tairiscint raon tacaí bainistíochta fuinnimh do scoileanna. Is tacaí iad sin ar fhorbair an SEAI iad i gcomhpháirt leis an Roinn Oideachais agus Scileanna faoin gclár um Fhuinneamh san Oideachas. Is féidir le scoileanna coigilt 5-10% ar a n-úsáid fuinnimh a bhaint amach ach bearta coigilte fuinnimh atá ar chostas íseal nó gan chostas a chur chun feidhme. Go dtí seo, d'fhreastail 385 scoil ar chúrsaí i mBainistíocht Fuinnimh, áit a bhfuair siad treoir céim ar chéim maidir leis an bpróiseas um bainistíocht fuinnimh agus maidir le Plean Gníomhaíochta Fuinnimh a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Bhain geall le 300 scoil leas as Seirbhís Measúnachta, Meantóireachta agus Comhairle (AMA) agus rinneadh coigiltí fuinnimh atá cothrom le 14% ar an meán, de réir meastachán, a bhaint amach laistigh de 12 mhí.

## Pobalscoil Chill Dhéagláin, an Mhí




*Iar-bhunscoil mhór ghnóthach arb ionann a caiteachas bliantúil ar fhuinneamh agus €54,000 is ea Pobalscoil Chill Dhéagláin, an Mhí. Tá clár gníomhach Scoileanna Glasa ag an scoil. Sa bhliain 2015, d'éirigh le daltaí ón scoil an babhta ceannais náisiúnta den Chomórtas 'Dea-Smaoineamh Amháin' a shroicheadh trína bhfeachtas fuinniúil feasachta ar fhuinneamh. Díríodh san fheachtas ar an bpobal scoile uile. Ghlac an scoil páirt sa Chlár um Fhuinneamh san Oideachas agus, trí mhí tar éis do Chomhairleoir Fuinnimh de chuid an SEAI cuairt a thabhairt uirthi, bhain an scoil coigilt mheasta 10% amach agus is dócha go mbainfidh sí coigilt bhreise 15% amach de bharr uasghráduithe soilse agus rialuithe feabhsaithe coire.*

**10%**

D'éirigh leis an scoil coigilteas 10% a bhaint amach agus bainfidh siad coigealtas breise de 15% a bhaint amach ó uasghrádú soilse agus rialtáin choire feabhsaithe.

# RIALACHAS

## INNÉACS LE RIALACHAS

| | |
|---|---|
| Rialachas Corparáideach | 24 |
| Bord agus Coistí an SEAI in 2015 | 27 |
| Bord an SEAI | 28 |
| Coistí an Bhoird in 2015 | 30 |
| Tuarascáil Bhliantúil um Éifeachtúlacht Fuinnimh 2015 | 32 |

# RIALACHAS CORPARÁIDEACH

**Gníomhaireacht fhéinriartha is ea Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) a bunaíodh faoin Acht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002. Feidhmíonn an SEAI i gcomhréir le forálacha an Achta agus faoi shainchúram an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, a bhfuil sé de chumhacht aige cistí a sholáthar ionas gur féidir leis an SEAI a gcuid dualgas a chomhlíonadh, treoracha beartais ginearálta a eisiúint agus faisnéis a lorg ar ghníomhaíochtaí an SEAI.**

In Aibreán 2011, bhí an SEAI ar an gcéad eagraíocht san Eoraip, cibé acu poiblí nó príobháideach, ar ar bronnadh deimhniúchán faoi chaighdeáin SWiFT 3000 Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI). Is caighdeán nua é sin a bhaineann le Cód Cleachtais um Rialachas Corparáideach a Mheasúnú in Éirinn. Is é an cuspóir ná measúnú a dhéanamh ar na creataí rialachais chorparáidigh atá ag eagraíochtaí, go háirithe an leibhéal comhlíonta i measc eagraíochtaí ag a bhfuil cóid rialachais agus an dea-chleachtas. Rinneadh athbhreithniú eile ar chomhlíonadh an SEAI maidir le ceanglais SWiFT 3000 i mí na Nollag 2015. Bhí toradh dearfach air mar gur dámhadh deimhniú leantach don SEAI. Mar achoimre, dá bhrí sin, tá an SEAI ag leanúint ar aghaidh ag oibriú caighdeáin dea-chleachtais rialachais chorparáidigh.

Cé gurb é an tAcht um Fhuinneamh Inmharthana an phríomhfhoinse rialachais chorparáidigh don SEAI, éilítear freisin ar an ngníomhaireacht cloí le raon ceanglais reachtúla (náisiúnta agus AE) agus riaracháin eile. Dearbhaíonn an SEAI gur chomhlíon sé a dhualgais chun na ceanglais sin a chomhlíonadh. Tá na nósanna imeachta seo a leanas i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar ceanglais shonracha.

### CEANGLAIS GHINEARÁLTA RIARACHÁIN AGUS BHEARTAIS

Ag leibhéal náisiúnta, oibríonn an SEAI go dlúth leis na hoifigigh ábhartha sa Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha agus le hoifigigh ó Ranna eile Rialtais agus ó ghníomhaireachtaí eile stáit chun dul chun cinn a dhéanamh ar a chuid cuspóirí agus ar a chinntiú go gcomhlíontar ceanglais reachtúla, riaracháin agus Aireachta / Rialtais. Ag leibhéal áitiúil, oibríonn an SEAI go dlúth le gníomhaireachtaí eile stáit agus le raon leathan eagraíochtaí áitiúla agus ionadaithe poiblí chun beartais agus tionscnaimh fuinnimh inmharthana a fhorbairt go réamhghníomhach. Buntacaíonn sé sin leis an gcuspóir straitéiseach náisiúnta foriomlán go n-imreoidh an SEAI príomhról in Éire a bhunathrú chun feabhais go sochaí atá bunaithe ar struchtúir, ar theicneolaíochtaí agus ar chleachtais fuinnimh inmharthana. Déantar an obair agus an t-idirghníomhú sin i gcomhréir le treoracha beartais éagsúla arna n-eisiúint ag an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha.

### CÓD CLEACHTAIS UM RIALACHAS COMHLACHTAÍ STÁIT

I mí Iúil 2009, ghlac Bord an SEAI go foirmiúil leis an gCód Cleachtais leasaithe um Rialachas Comhlachtaí Stáit, arna eisiúint ag an Roinn Airgeadais i Meitheamh 2009. Tugann an SEAI faisnéis do chomhaltaí Boird faoi cheanglais an Chóid agus tá raon gníomhartha, nósanna imeachta agus tionscnamh curtha i bhfeidhm aige chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. De bhreis air sin, tá a Chreat Cód Rialachais féin don eagraíocht ag an SEAI. Cuirtear ar áireamh ann ceanglais an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit. Tá an Creatchód Rialachais seo ar fáil ar láithreán gréasáin an SEAI: www.seai.ie.

I leith an chúlra sin, deimhníonn an SEAI comhlíonadh na Míreanna a leanas den Chód Cleachtais.

#### Mír 2: An Bord

Mír 2.1: D'fhaomh Bord an SEAI Sceideal foirmiúil d'Ábhair a choimeádtar go sonrach dó chun cinneadh a dhéanamh orthu, d'fhonn a chinntiú go mbeidh treoir agus smacht an chomhlachta faoin sainchúram docht.

Mír 2.7: Bhunaigh Bord an SEAI nósanna imeachta chun monatóireacht agus bainistíocht a dhéanamh ar choimhlintí leasa de chuid an lucht bainistíochta agus chomhaltaí an Bhoird.

Mír 2.14: Ghlac Bord an SEAI le Ráiteas Straitéise don tréimhse 2010-2015; sheol an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha é seo go foirmiúil an 10 Márta 2010. Tá próiseas comhsheasmhach ag an mBord chun monatóireacht a dhéanamh ar nuashonruithe ar dhul chun cinn agus ar fhorbairtí maidir le cur i bhfeidhm na straitéise seo. Tá an straitéis ar fáil ar láithreán gréasáin an SEAI: www.seai.ie. Tá Bord an SEAI ag tabhairt straitéis nua don tréimhse ó 2016 go 2020 chun críche faoi láthair i gcomhairle leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin nua don eagraíocht.

### Mír 7: Luach saothair an Lucht Ardbhainistíochta agus Táillí Stiúrthóirí

Comhlíonann an SEAI beartas an Rialtais maidir leis an luach saothair iomlán atá ag dul don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus luach saothair foirne eile i gcomhréir leis na socruithe atá leagtha amach ag an Roinn Airgeadais. Ina theannta sin, cloíonn an SEAI leis na treoirlínte arna eisiúint ag an Aire Airgeadais lena gclúdaítear íoc táillí le Cathaoirligh agus le Stiúrthóirí / le baill de Chomhlachtaí Stáit.

### Mír 8: Bainistíocht Riosca

Rinneadh forbairt ar bheartas cuimsitheach measúnaithe agus bainistíochta riosca san SEAI agus cheadaigh an Bord an chreatlach fhoriomlán bhainistíochta riosca. Tá meicníochtaí iomchuí leagtha síos ag Bord an SEAI agus ag an gCoiste Iniúchta agus Riosca lena chinntiú go bhfuil siad ag feidhmiú go hiomlán, agus chun monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh freisin ar a n-éifeachtacht.

### Míreanna 2.4 agus 10.1: Córas Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Coimeádann agus feidhmíonn an SEAI córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais. Déantar athbhreithniú ar an gcóras seo go bliantúil agus is iad na hiniúchóirí inmheánacha atá fostaithe go seachtrach a rinne an t-athbhreithniú, agus b'amhlaidh an cás arís eile in 2015. Faomhann Coiste Iniúchta agus Riosca an SEAI agus an Bord an t-athbhreithniú a dhéantar ar rialuithe inmheánacha airgeadais gach bliain. Deimhnítear an t-athbhreithniú sa litir bhliantúil a sheolann an Cathaoirleach chuig an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha; agus, ina theannta sin, cuirtear ráiteas an Chathaoirligh maidir le rialuithe inmheánacha airgeadais san áireamh sa Tuarascáil Bhliantúil (féach leathanach 36).

### Mír 10: An Coiste Iniúchta

- Tá Coiste Iniúchta agus Riosca bunaithe ag an SEAI a bhfuil téarmaí tagartha sonracha acu, arna bhfaomhadh ag an mBord, agus déantar iad a athbhreithniú go bliantúil.
- Tá feidhm Iniúchta Inmheánaigh ag an SEAI i gcomhréir leis na prionsabail atá leagtha amach sa Chód Cleachtais agus tá Cairt fhoirmiúil acu atá faofa ag an mBord.

### Mír 13: Ceanglais Tuairiscithe Bhreise

I gcomhar le Tuarascáil Bhliantúil an SEAI, cuireann Cathaoirleach an SEAI tuarascáil/litir chuimsitheach faoi bhráid an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha ina dtéitear i ngleic leis na saincheisteanna go léir atá leagtha amach i Mír 13 den Chód Cleachtais.

### Mír 15: Nósanna Imeachta maidir le Soláthar

Tá próiseas cuí Soláthair Phoiblí i bhfeidhm ag an SEAI. Comhlíonann sé na tairseacha luacha reatha le haghaidh rialacha AE agus rialacha náisiúnta a chur i bhfeidhm. Is gnáthnós imeachta é tairiscintí iomaíocha sa phróiseas soláthair seo.

### Mír 19: Comhlíonadh Cánach

Dearbhaíonn an Cathaoirleach, sa litir ar leith a chuireann sé faoi bhráid an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha gur chomhlíon an SEAI a ndualgais faoin dlí cánach.

# RIALACHAS CORPARÁIDEACH

## TREOIRLÍNTE MAIDIR LE TOGRAÍ CAITEACHAS CAIPITIL A MHEASÚNÚ AGUS A BHAINISTIÚ

Tá nósanna imeachta láidre seanbhunaithe i bhfeidhm ag an SEAI chun na Tionscadail Chaiteachas Chaipitil a eascraíonn as na cláir (deontas) chaipitil a mheasúnú agus a bhainistiú.

## NA HACHTANNA UM CHOMHIONANNAS FOSTAÍOCHTA, 1998 AGUS 2004

Tá an SEAI tiomanta do bheartas comhionannas deiseanna, agus is beartas bunaithe san eagraíochta é comhionannas. Tá clár oibre comhionannais agus éagsúlachta forchéimnithe ag an SEAI agus feidhmíonn siad roinnt scéimeanna ina dtugtar roghanna don fhoireann maidir lena riachtanais ghairme agus phearsanta a chomhlíonadh, lena n-áirítear saoire staidéir, cláir oideachais, etc. Ar a bharr sin, éascaíonn Próiseas Pleanála Fáis agus Feidhmíochta an SEAI forbairt gairme agus phearsanta. Cuireann an SEAI luach ar éagsúlacht agus féachann siad chun bheith ina bhfostóir comhionannais, ina spreagtar rannchuidiú aonair agus ina gcuirtear luach ar dhifríochtaí. Tá an SEAI tiomanta do thimpeallacht chothromaithe oibre/saoil a chothú agus a fhorbairt don fhoireann go léir.

## AN TACHT UM SHÁBHÁILTEACHT, SLÁINTE AGUS LEAS AG AN OBAIR, 2005

Déanann an tAcht seo, a thagann in ionad fhorálacha an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1998, an dlí reatha a chomhdhlúthú agus a nuashonrú. D'fhonn forálacha an Achta sin a chomhlíonadh, leanann an SEAI ag glacadh bearta ábhartha d'fhonn sábháilteacht, sláinte agus leas gach fostaí agus cuairteora chuig a gcuid oifigí a chosaint, mar aon le feasacht laistigh dá n-oifigí a chur chun cinn. Cuimsíonn seo na hAchtanna um Shláinte Phoiblí (Tobac), 2002 agus 2004.

## CAIRT CHUSTAIMÉIRÍ

D'fhoilsigh an SEAI Cairt Chustaiméirí ina leagtar amach a thiomantas do sheirbhís ardcháilíochta a chur ar fáil. Áirítear leis an gCairt sin nós imeachta maidir le déileáil le gearáin i gcásanna ina dtagann siad aníos. Sa bhliain 2015, fuarthas ??? gearán faoin gCairt sin. Tá sí ar fáil freisin ar www.seai.ie.

## AN TACHT UM ÍOC PRAS CUNTAS, 1997

Tagann an SEAI faoi théarmaí tagartha an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997, a tháinig i bhfeidhm an 2 Eanáir 1998, agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála), 2002 a tháinig i bhfeidhm an 7 Lúnasa 2002. Tá sé mar bheartas ag an SEAI a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc go mear. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm, áfach, lena chinntiú go ndéantar ús déanach a íoc, más gá.

## AN TACHT UM EITIC IN OIFIGÍ POIBLÍ, 1995 AGUS AN TACHT UM CHAIGHDEÁIN IN OIFIGÍ POIBLÍ, 2001

De réir na nAchtanna thuas, tugann comhaltaí de Bhord an SEAI Ráitis chomhlánaithe ar Leasanna don Rúnaí gach bliain chun forálacha na nAchtanna a chomhlíonadh Anuas air sin, cloíonn comhaltaí foirne an SEAI a bhfuil poist ainmnithe acu, leis an dá Acht.

## AN TACHT UM SHAORÁIL FAISNÉISE, 1997 AGUS AN TACHT UM SHAORÁIL FAISNÉISE (LEASÚ), 2003

Is comhlacht forordaithe iad an SEAI faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise agus comhlíonann siad go hiomlán na ceanglais atá leagtha amach sna hAchtanna. Ba cheart iarratais ar fhaisnéis faoi na hAchtanna a chur ar aghaidh chuig an Oifigeach um Shaoráil Faisnéise, an SEAI, Teach Pháirc Wilton, Plás Wilton, Baile Átha Cliath 2.

## NA HACHTANNA UM CHOSAINT SONRAÍ, 1998 AGUS 2004

Tá an SEAI cláraithe mar Rialaitheoir Sonraí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Baineann cosaint sonraí le ceart bunúsach an duine chun príobháideachas a chosaint agus smacht a bheith acu ar an gcaoi a n-úsáidtear a gcuid faisnéis phearsanta.

## ACHT NA DTEANGACHA OIFIGIÚLA, 2003

Tagann an SEAI faoi théarmaí tagartha Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, a ndearnadh dlí de an 14 Iúil 2003 chun creat reachtúil a sholáthar maidir le seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge. I gcomhréir le hAlt 10 den Acht, déantar an Tuarascáil Bhliantúil seo a fhoilsiú go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla.

# BORD AGUS COISTÍ AN SEAI IN 2015

**Oibríonn Bord an SEAI de réir prionsabail rialachais chorparáidigh dhea-chleachtais, i gcomhréir leis na treoirlínte atá leagtha amach sa Chód Cleachtais Leasaithe um Rialachas Comhlachtaí Stáit, a bhí eisithe ag an Roinn Airgeadais i Meitheamh 2009. Tá próiseas insealbhaithe agus forbartha cuí agus cuimsitheach i bhfeidhm do chomhaltaí an Bhoird.**

Tá an Bord freagrach as straitéis agus beartais fhairsinge a shocrú don eagraíocht. Tá siad freagrach as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais agus as próisis agus nósanna imeachta a chur i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil an córas éifeachtach. Tugann siad faoi na feidhmeanna seo go díreach agus trí Choistí Boird ar leith a oibriú, i gcomhréir leis na Téarmaí Tagartha formheasta. Tá an fhreagracht as cur i bhfeidhm na mbeartas ar lucht bainistíochta feidhmiúcháin an SEAI.

Chuimsigh próiseas deimhniúcháin SWiFT 3000, a ndearnadh tagairt dó thuas, athbhreithniú cuimsitheach ar struchtúir, próisis, nósanna imeachta agus ábhar Bhord an SEAI, lenar áiríodh cloí le reachtaíocht an SEAI, Creat-Chód Rialachais an SEAI, Dearbhú Leasa ag comhaltaí an Bhoird, oibriú Choistí an Bhoird agus cloí leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit etc. I mí Iúil 2014, bronnadh deimhniúchán leanúnach ar an SEAI faoin gclár sin. Rinneadh measúnú eile i mí na Nollag 2015, rud ar tugadh deimhniú foirmiúil i mí Feabhra 2016 dá bharr.

Oibríonn an Bord i gcomhréir leis na forálacha atá leagtha amach do Bhord an Údaráis san Acht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002. I gcomhréir le forálacha an Achta, na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001, agus an Cód Cleachtais athmheasta um Rialachas Comhlachtaí Stáit, ní mór do chomhaltaí Bhord an SEAI Ráiteas Bliantúil Leasa a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí agus do Rúnaí an Bhoird.

Is é an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha a cheapann comhaltaí an Bhoird, le toiliú an Aire Airgeadais. Gach bliain, éiríonn an triúr comhaltaí (seachas an Cathaoirleach agus an Príomhfheidhmeannach) a bhfuil an tréimhse oifige is faide curtha isteach acu ó ceapadh iad an uair dheireanach, as a gcúram ar chothrom lae an bhunaithe, i gcomhréir leis an bpróiseas atá leagtha amach san Acht. Cuirtear seisiún faisnéise cuimsitheach ar fáil do chomhaltaí nua ar an ngníomhaireacht agus ar a n-oibríochtaí nuair a cheaptar iad.

I gcomhréir leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, cloíonn an SEAI go hiomlán le beartas an Rialtais ar phá na bpríomhfheidhmeannach agus fostaithe comhlachtaí Stáit, agus le treoirlínte an Rialtais ar íocaíocht táillí le comhaltaí an Bhoird.

# BORD AN SEAI


Julie O'Neill


Brian T. Carroll


An Dr Edgar Morgenroth


An Dr Brian Motherway


Michelle Green


Anne Farrell

### Julie O'Neill
**Cathaoirleach**

(Bhí post an Chathaoirligh folamh ón 1 Eanáir 2015 go dtí an 5 Bealtaine 2015). Ceapadh Julie O 'Neill ina Cathaoirleach le héifeacht ón 6 Bealtaine 2015. Tá sí ina dílseánach de chuid Join the Dots, ar comhairleacht neamhspleách bainistíochta straitéisí í. D'oibrigh sí mar Ard-Rúnaí sa Roinn Iompair ón mbliain 2002 go dtí an bhliain 2009. Le linn a gairme sa tseirbhís phoiblí, d'oibrigh sí in ocht Roinn Rialtais. Tá sí ina comhalta boird de chuid Ryanair, Permanent TSB agus Axa Life Europe freisin. Tá MSc bainte amach aici in Anailís Bheartais ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus BComm ó UCD. Bhí sí ina comhalta de Bhord an SEAI ó Mheán Fómhair 2011 go dtí Meán Fómhair 2014.

### An Dr Brian Motherway
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (ex officio)**

(A ceapadh i mí na Bealtaine 2012 agus a d'éirigh as le héifeacht ón 3 Nollaig 2015). Tá céimeanna baitsiléara agus máistreachta in Innealtóireacht agus PhD i Socheolaíocht aige. D'éirigh sé ina bhall den SEAI sa bhliain 2006 agus bhí sé ina Phríomhoifigeach Oibríochtaí, áit a raibh freagracht fhoriomlán air as oibríochtaí, feidhmíocht agus tionchair, agus pleanáil straitéiseach an SEAI agus as a obair sa teicneolaíocht ghlan agus fiontraíocht. Bhí sé ina chomhairleach ar bheartas fuinnimh agus timpeallachta sula raibh sé páirteach san SEAI.

### Brian T. Carroll

(A ceapadh an 1 Lúnasa 2010, a d'éirigh as an 25 Meitheamh 2012. Athcheapadh é an 26 Meitheamh 2012, d'éirigh sé as an 1 Bealtaine 2015 agus athcheapadh é an 6 Bealtaine 2015). Tá sé ina Rúnaí Cúnta sa Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (DCENR). D'oibrigh sé roimhe sin sa Rannóg Airgeadais agus Pleanála Corparáidí den DCENR agus san Aonad Measúnaithe Caiteachais Lárnaigh den Roinn Airgeadais. Anuas air sin, d'oibrigh sé sa Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus sa Roinn Gnóthaí Eachtracha. Tá Máistreacht chéad onóracha bainte amach aige san Eolaíocht Eacnamaíoch ó Ollscoil na hÉireann.

### Michelle Green

(ceaptha an 29 Bealtaine 2012, imithe ar scor an 1 Bealtaine 2014 agus athcheaptha an 27 Bealtaine 2014). Tá Céim Bhaitsiléara Eolaíochta i mBeartas Rialtais agus Poiblí agus Dioplóma Gairmiúil san Oideachas aici, dhá cháilíocht a fuair sí ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh. Thosaigh sí ag oibriú in Ionad Fiontraíochta 'Macroom E' in 2010 mar Bhainisteoir Tionscadal do thionscnamh Malartaithe Acmhainní SMILE. Is tionscnamh é SMILE a thosaigh údaráis áitiúla, Boird Fiontar, Macroom E agus an GCC, agus spreagann sé éifeachtúlacht acmhainní i measc gnóthaí. Sula ndearna sí é seo, d'oibrigh sí i bhforbairt ceannaireachta agus in oideachas dara leibhéal.

### An Dr Edgar Morgenroth

(Ceaptha an 24 Aibreán 2012, imithe ar scor an 1 Bealtaine 2013. Athcheapadh é an 1 Bealtaine 2013 agus d'éirigh sé as an 1 Bealtaine 2015). Tá sé ina Ollamh Taighde Comhlach agus comhordaitheoir cláir um iompar, bonneagar agus taighde comhshaoil san Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI). Is Ollamh Taca é chomh maith i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus tá sé ina chomhalta neamhspleách den Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta (an NESC). Rinne sé taighde do réimse leathan cliant, lenar áiríodh Coimisiún an Aontais Eorpaigh, ranna éagsúla rialtais Éireannacha agus Eorpacha, rialtas Thuaisceart Éireann, agus d'údaráis éagsúla réigiúnacha agus áitiúla Éireannacha. Tá a chuid taighde foilsithe in irisí, leabhair, tuarascálacha agus caibidlí leabhair mhóra idirnáisiúnta agus tá sé tar éis ailt a scríobh d'irisí agus nuachtáin chomh maith.

### Anne Farrell

Is stiúrthóir Cuideachta í Anne Farrell (a ceapadh an 24 Aibreán 2012, a d'éirigh as an 1 Bealtaine 2014; agus a athcheapadh an 27 Bealtaine 2014) i ngnó an teaghlaigh, Square Fit Ltd. Tá taithí aici ar shaincheisteanna fuinnimh agus inbhuanaitheachta maidir le cúrsaí iompair e.g. dramhaíl sa tionscal, bainistíocht agus athchúrsáil bonn agus úsáid mhéadaithe as carranna leictreacha. D'oibrigh sí leis an Aonad Geilleagair Shóisialta de GTW (Partas anois), agus iad ag forbairt beartas maidir le bochtaineacht bhreosla agus aisfheistiú tithe le haghaidh insliú níos fearr, i measc réimsí eile gníomhaíochta. Tá fónamh déanta aici ar Bhord Ospidéal Thamhlachta. Tá Céim bainte amach aici san Eacnamaíocht agus sa tSíceolaíocht ó UCD agus MA in Ilmheáin Idirghníomhacha ó DIT.


Michael McGarry


Anne Connolly


An Dr Lisa Ryan


Paddy Phelan


Pat Gilroy


An Dr Peter Brennan


Michael Wall

### Michael McGarry

Tá baint ag Michael McGarry (ceaptha an 14 Bealtaine 2013) faoi láthair i dtógáil agus i gcomhairleacht thar lear i soláthar seirbhísí innealtóireachta. Bhí sé ina Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin in Suir Engineering (Imtec Suir) roimhe sin agus ba ghnách leis oibriú in Kentz Corporation i gCluain Meala mar Stiúrthóir Airgeadais. Sa ról sin, chaith sé méid suntasach ama ag obair i dtíortha thar lear ar thosach oibríochtaí i dtíortha thar lear agus i mbainistíocht na n-oibríochtaí sin ina dhiaidh sin. Chaith sé roinnt ama ag obair i dtógáil tithe cónaithe sa Ríocht Aontaithe. Tá céim BComm aige ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (1971), agus cháiligh sé mar Chuntasóir Cairte le KPMG sa bhliain 1975.

### Pat Gilroy

(A ceapadh an 14 Bealtaine 2013, a d'éirigh as an 1 Bealtaine 2015 agus a athcheapadh an 6 Bealtaine 2015) ina Phríomhoifigeach Oibríochtaí ar Industrial Customers agus ina Stiúrthóir Ríochta Aontaithe agus Tíre ar Veolia. Céimí innealtóireachta ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, is ea Pat. Bhí róil aige roimhe sin i BSL, in Amdahl Ireland Ltd agus in EEL FM Ltd sula ndeachaigh sé i gceannas ar FP2, cuideachta a díoladh le Dalkia sa bhliain 2001. Leis an taithí shuntasach atá ag Pat san earnáil fuinnimh agus sa chuideachta cheannródaíoch i seirbhísí comhshaoil, tugtar léargas tábhachtach dá ról mar Rúnaí ar an Institiúid Fuinnimh in Éirinn. Tá sé ina chomhalta de Chomhairle Náisiúnta IBEC agus tá sé ag cur le Coiste Comhairleach ar Phoist sa Gheilleagar Glas faoi láthair.

### Anne Connolly

(A ceapadh an 2 Bealtaine 2013, a d'éirigh as an 1 Bealtaine 2015 agus a athcheapadh an 6 Bealtaine 2015). Tá sí ina Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Mhalartán Aosaithe Chliste na hÉireann (ISAX), tionscnamh nua atá dírithe ar phoist agus easpórtálacha a chruthú sa mhargadh domhanda tomhaltóirí níos aosta a bhfuil borradh mear ag teacht air. Tagann sé sin sna sála ar a ról (2006–2013) mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar an Líonra don Aosú Folláin, meitheal ardleibhéil neamhspleách machnaimh agus comhlacht a chuireann athruithe sóisialta chun cinn. Roimhe seo, bhí a cleachtas comhairleacht bhainistíochta féin á reáchtáil aici ar feadh 12 bhliain, agus í ag oibriú le heagraíochtaí poiblí, príobháideacha agus deonacha agus a bpleananna straitéiseacha á bhforbairt agus cláir athraithe á gcur i bhfeidhm acu. I measc na bpost eile neamhfheidhmiúcháin bhoird a bhí aici, bhí An Post, RHD VHA, Cuideachta Damhsa Fabulous Beast, Banc ICC agus APSO. Iar-Chathaoirleach í de Chlann Shíomóin na hÉireann.

### An Dr Peter Brennan

(A ceapadh an 6 Bealtaine 2015). Tá sé ar an Stiúrthóir Bainistíochta ar EPS Consulting, comhairleacht taighde beartais, agus ar an gCathaoirleach ar Bid Management Services, an chuideachta chomhairleach tairisceana agus soláthair is mó in Éirinn. Tá spéis ar leith aige san athrú aeráide agus i bhfuinneamh agus tá saineolas aige ar na réimsí sin. Rinne sé cathaoirleacht ar Ghrúpa Taighde an IEA um an Athrú Aeráide idir an bhliain 2007 agus an bhliain 2015 agus bhí sé ina chomhairleoir don Chomhchoiste Oireachtais um Athrú Aeráide agus Fuinneamh. Thugadh sé léachtaí ar an gClár Máistreachta agus Deimhnithe i Maoiniú Fuinnimh Inmharthana de chuid Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Scríobh sé ríomhleabhar ar dheiseanna gnó sa gheilleagar glas. Bhí sé ina Stiúrthóir le haghaidh Gnóthaí Eorpacha agus Forbairt Straitéise in IBEC agus bhí sé ina Stiúrthóir ar Oifig Ghnó na hÉireann, a bhí lonnaithe sa Bhruiséil, idir an bhliain 1986 agus an bhliain 2001. Ní ba luaithe ina ghairm, d'oibrigh sé sa Roinn Tionscail agus Fuinnimh agus sa Roinn Gnóthaí Eachtracha.

### An Dr Lisa Ryan

(A ceapadh an 6 Bealtaine 2015). Tá Lisa ina heacnamaí sinsearach fuinnimh ag a bhfuil saineolas ar éifeachtúlacht fuinnimh, ar fhuinneamh in-athnuaite agus ar eacnamaíocht athrú aeráide. D'éirigh sí ina ball foirne d'Institiúid Fuinnimh an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, mar thaighdeoir sinsearach in eacnamaíocht fuinnimh i mí Mheán Fómhair 2014. Bhí sí ar an eacnamaí sinsearach fuinnimh san Aonad um Éifeachtúlacht Fuinnimh sa Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh (IEA) i bPáras go samhradh na bliana 2013, áit a raibh sí i gceannas ar thionscadail a bhain le maoiniú éifeachtúlacht fuinnimh, le hiompar agus le beartas trasearnála. D'oibrigh sí ina dhiaidh sin mar chomhairleach neamhspleách in eacnamaíocht fuinnimh agus comhshaoil. Tá PhD in eacnamaíocht comhshaoil ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD), ag Lisa. Chomh maith leis sin, ghnóthaigh sí céimeanna iarchéime agus fochéime in eacnamaíocht agus in innealtóireacht ó UCD agus ó Colorado School of Mines, SAM.

### Michael Wall

(A ceapadh an 6 Bealtaine 2015). Tá Michael Wall ina abhcóide arb iad dlí na tógála, na pleanála agus an chomhshaoil na speisialtóireachtaí atá aige. Teagascann sé ar bhonn páirtaimseartha freisin in UCD sna cláir chéime máistreachta i bpleanáil, i ndearadh uirbeach agus in ailtireacht tírdhreacha. Is ailtire agus pleanálaí cáilithe é agus tá MBA aige ó Scoil Ghnó Smurfit in UCD. Bhí Michael ina chomhalta de Bhord an Bhoird Phleanála idir an bhliain 1999 agus an bhliain 2006. D'oibrigh sé roimhe sin mar ailtire chleachtaidh phríobháidigh. D'oibrigh sé freisin mar chomhalta de Choiste Comhairleach Pleanála GNBS ó bhunú na Gníomhaireachta sa bhliain 2010. Is Idirghabhálaí agus Eadránaí cáilithe é freisin.

### Paddy Phelan

(A ceapadh an 6 Bealtaine 2015). Tá Paddy ina chéimí de chuid na Scoile Innealtóireachta (BE in Innealtóireacht Shibhialta) in UCD agus chaith sé geall le 9 mbliana san earnáil tógála, ag obair i róil éagsúla innealtóireachta agus bhainistíocht tionscadal do chonraitheoir mór. Tá sé ina léachtóir páirtaimseartha le hInnealtóireacht Fuinnimh Inmharthana in Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge. Tá sé ar an mBainisteoir ar Carlow Kilkenny Energy Agency Ltd ó mhí Mheán Fómhair 2012 i leith. Is comhairleacht neamhbhrabúis fuinnimh í. Tá taithí shuntasach aige ar gach réimse fuinnimh, amhail éifeachtúlacht fuinnimh, bainistíocht fuinnimh agus teicneolaíochtaí in-athnuaite talamhbhunaithe. Tacaíonn na teicneolaíochtaí sin le soláthar a dhéanamh ar roinnt mhaith tionscadail nuálacha um an slabhra soláthair fuinnimh, um fhorbairt tionscadal agus um maoiniú fuinnimh ó thaobh giniúint chónaithe, pobail agus fiontar beag agus meánmhéide agus giniúint lánscála in-athnuaite etc, de. Tá taithí shuntasach de bhreis agus 8 mbliana ar thionscadail AE ag Paddy. Chomh maith leis sin, tá sé ina chomhalta de choistí bainistíochta na gcomhlachtaí seo ón mbliain 2012 i leith: AIEA, IRBEA agus Meitheal na Gaoithe.

# COISTÍ AN BHOIRD IN 2015

## AN COISTE INIÚCHTA AGUS RIOSCA

Tacaíonn an Coiste seo leis an mBord i gcur i gcrích a bhfreagrachtaí dlí agus cuntasaíochta; déanann siad cumarsáid le hiniúchóirí seachtracha, agus déanann siad measúnú agus rialú ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh; déanann siad athbhreithniú ar phleanáil airgeadais, an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais, an próiseas bainistíochta agus measúnaithe rioscaí, lena n-áirítear clár rioscaí an SEAI, agus déanann siad maoirseacht ar shocruithe buiséadta agus baincéireachta chomh maith. Tionóladh seacht gcruinniú den Choiste in 2015.

### Comhaltaí

**Sean Wyse**
(Cathaoirleach)

**Brian T. Carroll**
(ceaptha an 25 Bealtaine 2011)

**Edgar Morgenroth**
(ceaptha an 30 Meán Fómhair 2012, a d'éirigh as an 1 Bealtaine 2015)

**Gerry Donnelly**
(comhalta seachtrach, ceaptha an 29 Bealtaine 2013)

**Anne Farrell**
(ceaptha an 26 Feabhra 2014)

## AN COISTE BAINISTÍOCHTA FEIDHMÍOCHTA AGUS LUACH SAOTHAIR

Tá an Coiste seo freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar na téarmaí agus coinníollacha don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, de réir na dtreoirlínte atá bunaithe ag an Rialtas, agus dearbhú, athbhreithniú agus moladh a dhéanamh don Bhord maidir le híocaíocht bhónais ar bith leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin a bhaineann le feidhmíocht. Chomh maith leis sin, déanann an Coiste faomhadh ar Phlean Gníomhaíochta an Údaráis maidir le Comhaontuithe Earnála Poiblí.

### Comhaltaí

**Julie O'Neill**
(Cathaoirleach)

**Brian T. Carroll**

**Folúntas**

## FREASTAL / TÁILLÍ AN BHOIRD

| Comhalta Boird | Nótaí | Táillí € | Freastal an Bhoird (8 gcruinniú in 2015) | Freastal ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca (reáchtáladh 7 gcruinniú in 2015) |
|---|---|---|---|---|
| Julie O'Neill | Cathaoirleach – a ceapadh an 6 Bealtaine 2015 | 7,808 | 5 as 5 | N/B |
| Brian T Carroll | Comhalta an Choiste Iniúchta agus Riosca | NEAMHNÍ | 6 as 8 | 4 as 7 |
| Edgar Morgenroth | Comhalta an Choiste Iniúchta agus Riosca – ceaptha 24 Aibreán 2012, a d'éirigh as an 1 Bealtaine 2015. | NEAMHNÍ | 2 as 3 | 3 as 3 |
| Anne Farrell | Ceaptha an 24 Aibreán 2012 | 7,695 | 8 as 8 | 6 as 7 |
| Michelle Green | Ceaptha an 29 Bealtaine 2012 | 7,695 | 6 as 8 | N/B |
| Brian Motherway (POF) | Ceaptha an 22 Bealtaine 2012, a d'éirigh as le héifeacht ón 3 Nollaig 2015 | NEAMHNÍ | 8 as 8 | N/B |
| Pat Gilroy | Ceaptha an 14 Bealtaine 2013, a d'éirigh as an 1 Bealtaine 2015, a athcheapadh an 6 Bealtaine 2015 | 7,695 | 6 as 8 | N/B |
| Anne Connolly | Ceaptha an 2 Bealtaine 2013, a d'éirigh as an 1 Bealtaine 2015, a athcheapadh an 6 Bealtaine 2015 | 7,695 | 7 as 8 | N/B |
| Michael McGarry | Ceaptha an 14 Bealtaine 2013 | 7,695 | 7 as 8 | N/B |
| Peter Brennan | A ceapadh an 6 Bealtaine 2015 | 5,013 | 4 as 5 | N/B |
| Lisa Ryan | A ceapadh an 6 Bealtaine 2015 | 5,038 | 5 as 5 | N/B |
| Michael Wall | A ceapadh an 6 Bealtaine 2015 | 5,013 | 4 as 5 | N/B |
| Paddy Phelan | A ceapadh an 6 Bealtaine 2015 | 5,038 | 4 as 5 | N/B |

## SPEANSAIS AN BHOIRD

B'ionann na costais iomlána a íocadh le comhaltaí Bhord an SEAI in 2015 agus €1,209, ina raibh an méid a leanas:

| | € |
|---|---|
| Míleáiste | 370 |
| Costais taistil, chóiríochta agus chothabhála | 839 |

## TUARASTAIL AN PHRÍOMHOIFIGIGH FEIDHMIÚCHÁIN

Féach Nóta 4.1 leis na Ráitis Airgeadais.

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL UM ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH 2015

## OIFIGÍ SEAI

Tá spás oifige 1,398 $m^2$ áitithe ag pearsanra SEAI in oifigí i mBaile Átha Cliath, Dún Dealgan, Corcaigh agus Sligeach. Is spásanna foligthe laistigh d'fhoirgnimh mhóra iad na hoifigí (féach Nóta 1). Tá achoimre ar an úsáid fuinnimh sa cheithre oifig sa tábla thíos.

| Úsáid Fuinnimh<br>Ídiú díreach fuinnimh do cheithre oifig (féach Nóta 1) agus carr cuideachta | 2014 (kWh TFC) | 2015 (kWh TFC) |
|---|---|---|
| Soilsiú Leictreach, TFC, Cumhacht oifige, Téamh, Aeráil & Aerchóiriú (HVAC) | 171,565 | 164,327 |
| Gás Nádúrtha (Téamh) | 68,864 | 65,779 |
| Ola Gháis Mharcáilte (Téamh) | 12,835 | 10,677 |
| Peitreal (Toyota Prius) | 4,430 | 6,666 |
| **Iomláin d'Ídiú Díreach** | **257,694** | **247,449** |
| Astaíochtaí $CO_2$ (kg) | 106,292 | 101,954 |

**Nóta 1**
Ó tharla go bhfuil feabhas tagtha ar bheachtas na sonraí fuinnimh atá á mbailiú, tá achair urláir agus, dá réir sin, céatadán an fhuinnimh inchurtha i leith foirgneamh áirithe coigeartaithe suas sna blianta tuairiscithe ar fad, an bhliain tagarmhairc san áireamh. Cé go bhfuil méadú tagtha ar fhigiúirí i ngach bliain mar gheall ar shonraí níos beaichte agus níos dochloíte, tá laghdú tagtha ar éileamh fuinnimh SEAI le haghaidh 2015.

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ ÉIFEACHTÚLACHTA FUINNIMH BEARTAITHE LE HAGHAIDH 2016

- Ráiteas ar éifeachtúlacht fuinnimh na Tuarascála Bliantúla a ailíniú leis an gcóras Monatóireachta agus Tuairiscithe. Is é an córas M&R uirlis tuairiscithe ar líne SEAI do chomhlachtaí poiblí. Tá téarmaí tagartha tuairiscithe an chórais seo níos leithne ná na ceangaltais tuairiscithe atá luaite sa Tuarascáil Bhliantúil. Coinníonn an córas M&R súil ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ag gach comhlacht poiblí chomh fada is a bhaineann lena spriocanna 2020 a bhaint amach. Tá tuilleadh sonraí le fáil ag: http://www.seai.ie/Your_Business/Public_Sector/Reporting/

- Deimhniú a thugann le fios caighdeán ISO 50001:2011 maidir le Córais Bhainistíochta Fuinnimh a bhaint amach sa cheithre phríomhoifig i mBaile Átha Cliath, Dún Dealgan, Corcaigh agus Sligeach. Beidh laghdú ar astaíochtaí gáis ceaptha teasa agus tionchair ghaolmhara ar an gcomhshaol agus costais fuinnimh trí bhainistíocht chórasach fuinnimh mar thoradh ar chur chun feidhme an chaighdeáin idirnáisiúnta seo.

- Le déanaí chuir SEAI críoch le réiteach méadraithe fuinnimh a chur chun feidhme ina cheithre phríomhoifig i mBaile Átha Cliath, Dún Dealgan, Corcaigh agus Sligeach. Tacóidh an réiteach seo le bainistíocht fuinnimh ar an láthair, ceanglais thuairiscithe bhliantúla agus bailiú sonraí don chóras bainistíochta fuinnimh eagraíochtúil. Is é atá mar aidhm leis an réiteach beachtas na sonraí ídithe fuinnimh laistigh d'oifigí SEAI a fheabhsú agus ról eiseamláireach éifeachtúlachta fuinnimh a chomhlíonadh san earnáil phoiblí.

# AIRGEADAS

## INDEX TO FINANCIAL STATEMENTS

| | |
|---|---|
| Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird | 34 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 35 |
| Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach | 36 |
| Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe | 38 |
| Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach | 39 |
| Ráiteas ar an Staid Airgeadais | 40 |
| Ráiteas ar Shreabhadh Airgid | 41 |
| Nótaí a bhaineann leis na Ráitis Airgeadais | 42 |

# RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ AN BHOIRD

## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015

Bunaíodh Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ) faoin Acht um Fhuinneamh Inmharthana 2002 agus tháinig ann dó an 1ú Bealtaine 2002.

Ceanglaíonn Alt 24(2) den Acht um Fhuinneamh Inmharthana 2002 ar an Údarás ráitis airgeadais a ullmhú i cibé foirm a cheadóidh an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha le caoinchead ón Aire um Chaiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis siúd airgeadais á réiteach, ceanglaítear an méid a leanas ar an mBord:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ina dhiaidh sin.
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama.
- Na ráitis airgeadais a réiteach ar bhonn gnóthas leantach, mura cuí a mheas go leanfaidh an tÚdarás i mbun feidhme.
- A lua cibé acu ar cloíodh nó nár cloíodh leis na caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choimeád a nochtann, go réasúnta cruinn ag an am, staid airgeadais an Údaráis a a chuirifidh ar a chumas a áirithiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 24 den Acht um Fhuinneamh Inmharthana 2002. Tá an Bord freagrach as na sócmhainní go léir a chosaint faoina chúram oibriúcháin agus dá bhrí sin, as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a aithint.

Sínithe thar cheann an Bhoird

**Julie O'Neill**
Cathaoirleach
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

29 Meitheamh 2016

# TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

## Lena cur faoi Bhráid Thithe an Oireachtais

### ÚDARÁS FUINNIMH INMHARTHANA NA HÉIREANN

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015 faoin Acht um Fhuinneamh Inmharthana 2002. Cuimsíonn na ráitis airgeadais an cuntas ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí ioncaim choinnithe, an ráiteas ioncaim chuimsithigh, an ráiteas ar an staid airgeadais, an ráiteas um shreabhadh airgid agus na nótaí bainteacha. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais san fhoirm arna fhorordú faoi Alt 24 den Acht agus i gcomhréir le chleachtais cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis go ginearálta.

### FREAGRACHTAÍ AN ÚDARÁIS

Tá an tÚdarás freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a áirithiú go dtugtar léargas fíor agus cothrom iontu agus as rialtacht na n-idirbheart a áirithiú.

### FREAGRACHTAÍ AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

Is í m'fhreagrachtsa ná iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisciú a dhéanamh orthu i gcomhréir leis an dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na breithnithe speisialta a ghabhann le Chomhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena bhfeidhmiú.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhlíonadh Chaighdeáin Eiticiúla d'Iniúchóirí Bhord na gCleachtas Iniúchóireachta.

### RAON AN INIÚCHTA AR NA RÁITIS AIRGEADAIS

Baineann iniúchadh leis an bhfaisnéis faoi na méideanna agus na neamhchosaintí sna ráitis airgeadais a fháil, chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu trí chalaois nó trí earráid. Cuimsíonn sé seo measúnú ar

- cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach maidir le cúinsí an Bhoird nó nach bhfuil, cibé ar cuireadh na beartais sin i bhfeidhm go comhsheasmhach nó nár cuireadh agus cibé ar nochtadh iad ar bhealach sásúil nó nár nochtadh
- réasúntacht na meastachán cuntasaíochta suntasach a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair iomlán na Ráiteas Airgeadais.

Féachaim d'fhianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta chomh maith.

Lena chois sin, léim Tuarascáil Bhliantúil an Údaráis d'fhonn neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a shainaithint agus d'fhonn aon fhaisnéis fhollasach atá mícheart ar bhonn ábhair agus atá bunaithe ar an bhfaisnéis a fhaighim agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam a shainaithint, nó atá neamhréir leis an bhfaisnéis sin. Má thagaim ar mhíráitis fhollasacha nó ar neamhréireachtaí follasacha ar bith breathnaím ar na himpleachtaí a bheadh i gceist do mo thuarascáil.

### TUAIRIM MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Is é mo thuairim maidir leis na ráitis airgeadais:

- go dtugann siad léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Údaráis ag 31 Nollaig 2015 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don bhliain dar críoch sin; agus
- gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais go cuí i gcomhréir leis na cleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh leis go ginearálta.

I mo thuairim, bhí taifid chuntasaíochta an Údaráis leordhóthanach ionas gurbh fhéidir iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais go cuí agus go héasca. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

### CÚRSAÍ AR A NDÉANAIM TUAIRISCIÚ TRÍ EISCEACHT

Déanaim tuairisciú trí eisceacht mura bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe uile a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó

- má thugaim cás ábhartha ar bith faoi deara i m'iniúchadh nár úsáideadh airgead chun na críche dá raibh sé beartaithe nó nach raibh na hidirbhearta ag cloí leis na húdaráis a rialaíonn iad, nó
- mura bhfuil an fhaisnéis a tugtar i dTuarascáil Bhliantúil an Údaráis comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais lena mbaineann nó leis an fhaisneis a bhfuair mé agus an t-iniúchadh á dhéanamh, nó
- mura léirítear sa ráitis maidir le rialú inmheánach airgeadais go bhfuil an tÚdaras ag cloí leis an gCód Cleachtais do Rialáil Chomhlachtaí Stáit, nó
- má thagaim ar chúrsaí ábhartha eile a bhaineann leis an dóigh a stiúradh gnó poiblí.

Níl rud ar bith le tuairisciú agam i ndáil leis na cúrsaí sin faoina ndéantar tuairisciú trí eisceacht.

Seamus McCarthy

**Seamus McCarthy**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Meitheamh 2016

# RÁITEAS AR RIALÚ AIRGEADAIS INMHEÁNACH

Thar cheann Bhord Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ), aithním an fhreagracht atá orainn as a áirithiú go ndéantar córas éifeachtach um rialú airgeadais inmheánach a fheidhmiú agus a chothabháil.

Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, seachas iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta go cuí agus go gcuirtear iad i dtaifead i gceart agus go gcuirtear cosc ar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad go tráthúil.

## PRÍOMHNÓSANNA IMEACHTA RIALAITHE

Ghlac an Bord le bearta le timpeallacht chuí rialaithe a chinntiú trí fhreagrachtaí bainistíochta a shainiú go soiléir, lena n-áirítear teipeanna móra rialaithe a thuairisciú agus gníomh cuí ceartaithe a chinntiú.

Bhunaigh an Bord próisis agus cleachtais le rioscaí gnó a shainaithint agus le measúnú a dhéanamh orthu tríd an méid a leanas:

- cineál, méid agus impleachtaí airgeadais na rioscaí a shainaithint atá roimh an eagraíocht;
- measúnú a dhéanamh ar an gcosúlacht go dtarlódh na rioscaí a sainaithníodh;
- measúnú a dhéanamh ar chumas an chomhlachta chun na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú.

Mar a nochtadh i ráitis airgeadais na mblianta roimhe sin, le linn 2011, d'aithin an tÚdarás roinnt neamhrialtachtaí a bhain le conraitheoir amháin faoin Scéim um Thithe le Fuinneamh Níos Fearr. Chuir bainistíocht ÚFIÉ an Bord, an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, na Gardaí agus an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha (RCFAN) ar an eolas faoin neamhrialtacht. D'eisigh comhairleoirí dlithiúla ÚFIÉ litreacha éilimh ar aisíocaíocht an deontais. Rinne an tÚdarás imeachtaí dlithiúla a thionscnamh chomh maith maidir leis an gceist seo. Rinneadh an conraitheoir a dhíchlárú ón scéim agus cuireadh gach íocaíocht ghaolmhar ar fionraí. Is é €434,420 an méid iomlán atá faoi imscrúdú amhail an 31 Nollaig 2015. Is tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil an figiúr seo faoi réir athbhreithnithe íslithe go dtí go gcuirfear imeachtaí dlithiúla i gcrích agus go ndéanfar cistí a aisghnóthú. Tá laghdú €70,515 tagtha ar an méid atá faoi imscrúdú ón mbliain roimhe mar gheall ar an €2,280 a aisghnóthaíodh agus an t-athbhreithniú íslithe de €68,235. Féach Nóta 6.4 leis na ráitis airgeadais.

Neartaigh an tÚdarás go suntasach rialuithe na Scéime um Thithe le Fuinneamh Níos Fearr ar a n-áirítear cur chuige atá bunaithe ar riosca a chur chun feidhme i ndáil le roghnú iniúchta agus clúdach iniúchta íosta 10% á áirithiú i measc na gconraitheoirí ar fad.

Is é 175,664 líon iomlán na ndeontas a eisíodh go dtí seo ó thosaigh an Clár seo in 2009. Bhí ÚFIÉ ag dul sa tóir ar 197 aisíocaíocht ó úinéirí tí ar luach iad €204,189 a d'eascair as sáruithe sna téarmaí agus coinníollacha. Tagann an méid seo sa bhreis ar an gcás atá leagtha amach thuas. Baineann 181 de na cásanna seo le tréimhse réamh-2013. As an 197 cás, tá 111 cás á scrúdú ag Biuró an Gharda Síochána um Imscrúdú Calaoise.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar chreat d'fhaisnéis bhainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear leithscaradh dualgas, agus córas tarmligin agus cuntasaíochta. Go háirithe san áireamh tá:

- córas cuimsitheach buiséadaithe ag a bhfuil buiséad bliantúil a ndéanann an Bord comhaontú agus athbhreithniú air;
- athbhreithnithe rialta ag an mBord ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a thugann feidhmíocht airgeadais le fios i leith na dtuartha;
- spriocanna a leagan síos chun feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a thomhas.

Tugtar feidhm inmheánach iniúchta ÚFIÉ ar conradh do ghnólacht dlíodóirí. Le hanailís ar na rioscaí ar a bhfuil an t-údarás neamhchosanta, tugtar eolas don phlean bliantúil inmheánach iniúchta. Tá an cur chuige seo arna fhormhuiniú ag an gCoiste iniúchta agus tá sé faofa ag an mBord. Faomhann an coiste iniúchta Plean bliantúil Iniúchta Inmheánaigh. Soláthraíonn na hiniúchóirí inmheánacha tuarascálacha don Choiste ar thascanna faoinar tugadh. Tugann na tuarascálacha seo chun solais easnaimh nó laigí, más ann dóibh, sa chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.


Athbhreithníonn agus stiúrann Coiste Calaoise Inmheánach ÚFIÉ gníomhaíocht ar gach cás de chalaois mheasta arna aithint trí nósanna imeachta cinnteoireachta agus iniúchta na scéimeanna, na próisis agus Prótacal an Aonaid Iniúchta de chuid ÚFIÉ. Is éard atá sa Choiste Calaoise Bainisteoirí trasfheidhmeacha a dhéanann athbhreithniú ar gach eisceacht nó buairt a shainaithnítear mar riosca féideartha nó neamhchomhlíonadh suntasach agus a sholáthraíonn treoir agus tacaíocht phras agus oibiachtúil do bhainistíocht líne agus na rioscaí seo á maolú.

Rinne an Bord monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais agus aird ar na tuarascálacha agus an obair faoinar thug an bhainistíocht, nuashonruithe ar na beartais agus nósanna imeachta, an Coiste Iniúchta agus Riosca agus na hiniúchóirí inmheánacha, mar aon leis an bpróiseas bainistíochta riosca ata i bhfeidhm faoi láthair ag an eagraíocht.

## ATHBHREITHNIÚ BLIANTÚIL AR NA RIALUITHE

Dearbhaím, maidir leis an mbliain dar chríoch 31ú Nollaig 2015, go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialtán airgeadais inmheánaigh.

Sínithe thar cheann an Bhoird



**Julie O'Neill**
Cathaoirleach
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

29 Meitheamh 2016

# RÁITEAS AR IONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS CÚLCHISTÍ IONCAIM CHOINNITHE

## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015

| | Nótaí | 2015 €'000 | Athluaite 2014 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontais Stáit | 2 | 68,309 | 75,814 |
| Rátáil Fuinnimh Foirgnimh | 8 | 2,658 | 3,394 |
| Ioncam ó Chonradh an AE | 3 | 34 | 123 |
| Ioncam Eile | 4 | 226 | 106 |
| Glanchistiú Iarchurtha le haghaidh Pinsean sa Bhliain | 14(c) | 1,750 | 1,233 |
| Ranníocaíochtaí Pinsin a aisíocadh leis an RCFAN | 5.1 | (186) | (180) |
| Glanaistriú ón gCuntas Caipitiúil | 12 | 27 | 92 |
| **Ioncam Iomlán** | | **72,818** | **80,582** |
| **Caiteachas** | | | |
| Caiteachas Riaracháin | 5 | 8,619 | 8,050 |
| Caiteachas clár | 6 | 64,483 | 68,787 |
| Rátáil Fuinnimh Foirgnimh | 8 | 2,550 | 1,618 |
| **Caiteachas Iomlán** | | **75,652** | **78,455** |
| **(Easnamh)/ Barrachas don Bhliain roimh leithghabhálacha** | | **(2,834)** | **2,127** |
| **Leithghabhálacha** | | | |
| Íocaíochtaí leis an Státchiste | 7 | (38) | (259) |
| **(Easnamh)/ Barrachas don Bhliain tar éis leithghabhálacha** | | **(2,872)** | **1,868** |
| **Barrachas/(Easnamh) amhail an 1 Eanáir** | | **3,296** | **1,428** |
| **Barrachas amhail an 31 Nollaig** | **21** | **424** | **3,296** |

Tá an Ráiteas um Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 22 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

**Julie O'Neill**
Cathaoirleach
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

29 Meitheamh 2016

**Jim Gannon**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann


29 Meitheamh 2016

# RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH

## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015


| | Nótaí | 2015<br>€'000 | Athluaite 2014<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach** | | | |
| (Easnamh)/ Barrachas don bhliain tar éis leithreasaí | | (2,872) | 1,868 |
| Gnóthachan Taithí ar Oibleagáidí Sochair Scoir | | 187 | 75 |
| Athruithe ar na Toimhdí atá mar bhonn le luach reatha na nOibleagáidí Sochair Scoir | | 5,630 | (7,876) |
| Gnóthachan / (caillteanas) achtúireach sa bhliain | 14 | 5,817 | (7,801) |
| Coigeartú ar Mhaoiniú Sochair Scoir Iarchurtha | 14 | (5,817) | 7,801 |
| **(Easnamh)/ Barrachas Iomlán Aitheanta don Bhliain** | | **(2,872)** | **1,868** |

Tá an Ráiteas um Shreabhadh Airgid Thirim agus Nótaí 1 go 22 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.



**Julie O'Neill**
Cathaoirleach
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

29 Meitheamh 2016



**Jim Gannon**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

29 Meitheamh 2016

# RÁITEAS AR STAID AN AIRGEADAIS

## Amhail an 31 Nollaig 2015

| | Nótaí | 2015<br>€'000 | Athluaite 2014<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | |
| **Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh** | 9 | **150** | **177** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| An Banc | 13 | 5,357 | 7,180 |
| Suimeanna Infhála agus Réamhíocaíochtaí | 10 | 961 | 967 |
| | | **6,318** | **8,147** |
| **Dliteanais Reatha** | | | |
| Suimeanna Iníoctha agus Fabhruithe | 11 | **(5,894)** | **(4,851)** |
| **Glansócmhainní Reatha** | | **424** | **3,296** |
| Oibleagáid Sochair Scoir | 14 | (21,445) | (25,512) |
| Sócmhainn Iarchurtha um Maoiniú Sochair Scoir | 14 | 21,445 | 25,512 |
| **Glansócmhainní Iomlána** | | **574** | **3,473** |
| **Arna n-ionadú** | | | |
| Cuntas Caipitil | 12 | 150 | 177 |
| Cúlchistí Ioncaim Choinnithe | | 424 | 3,296 |
| | | **574** | **3,473** |

Tá an Ráiteas um Shreabhadh Airgid Thirim agus Nótaí 1 go 22 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

**Julie O'Neill**
Cathaoirleach
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

29 Meitheamh 2016

**Jim Gannon**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

29 Meitheamh 2016

# RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID

## Don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015

| | Nótaí | 2015 €'000 | Athluaite 2014 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | | |
| Barrachas thar Caiteachas/Ioncam thar Ioncam/Caiteachas | | (2,872) | 1,868 |
| Aistriú ón gCuntas Caipitil | | (27) | (92) |
| Ús Bainc Isteach | | (1) | (1) |
| Dímheas agus Lagú na Sócmhainní Seasta | | 165 | 156 |
| Laghdú /( Méadú) ar Chuntais infhála | | 6 | (102) |
| Méadú/(Laghdú) ar Chuntais iníoctha | | 2,667 | 331 |
| **Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | **(62)** | **2,160** |
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | | |
| Íocaíochtaí chun Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh a fháil | | (138) | (64) |
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais** | | | |
| Ús Bainc Isteach | | 1 | 1 |
| **Méadú ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid** | | **(199)** | **2,097** |
| **Glanmhéadú /(Glanlaghdú) ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid** | | (199) | 2,097 |
| **Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid amhail an 1 Eanáir** | | 5,462 | 3,365 |
| **Airgead Tirim agus Coibéisí Airgid amhail an 31 Nollaig** | 13 | **5,263** | **5,462** |

Ní áirítear suim €93,935 san iarmhéid €5,263,434 a choinnítear i gcuntas bainc ar leith a bhaineann leis an tionscadal iomlánaíoch Dhún Dealgan 2020 (Féach Nóta 13).

Tá Nótaí 1 go 22 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

**Julie O'Neill**
Cathaoirleach
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

29 Meitheamh 2016

**Jim Gannon**
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann

29 Meitheamh 2016

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

## Bliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015

### 1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

#### (A) FRS 102

Leagtar amach thíos na beartais chuntasaíochta shuntasacha a cuireadh i bhfeidhm agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú. Tá na beartais seo á gcur i bhfeidhm go comhsheasmhach le linn na bliana agus sna blianta go léir roimhe sin.

Roimhe seo ní raibh pá saoire tuillte nach raibh faighte ag comhaltaí foirne fabhraithe ag ÚFIÉ ar an dáta tuairiscithe. De réir FRS102, ní mór a leithéid d'fhabhruithe a aithint sna ráitis airgeadais. Beidh méadú €69,000 ar shuimeanna iníoctha ag an dáta aistrithe agus €53,000 ar an 31 Nollaig 2014 mar thoradh ar an athrú seo. Tagann laghdú €69,000 ar an mbarrachas sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2013 agus tagann méadú €16,000 ar an mbarrachas sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014.

#### (B) Tréimhse na Ráiteas Airgeadais

Cumhdaíonn na ráitis airgeadais an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2015.

#### (C) An Ráiteas maidir le Comhlíonadh

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn fabhraithe, seachas nuair a luaitear a mhalairt thíos. Tá siad á n-ullmhú i gcomhréir le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 "An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is Infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann" ("FRS 102"). Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais i gcomhréir le coinbhinsiún an chostais stairiúil , agus i bhformáid arna ceadú ag an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha. Is an t-aonad airgeadra ina n-ainmnítear na ráitis airgeadais an Euro. Ghlac an tÚdarás FRS 102 sa bhliain reatha agus mínítear i Nóta 21 an tionchar a bhí ag an aistriú chuig FRS 102 ar an staid agus ar an bhfeidhmíocht airgeadais thuairiscithe.

#### (D) Deontais Stáit

Léiríonn Deontais Stáit (Nóta 2), aisíocaíochtaí deontais agus Ioncam Ceardlainne (Nóta 4), a thaispeántar sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Choinnithe, an méid airgid a fuarthas sa bhliain.

#### (E) Ceangaltais Deontais

Tá Ceangaltais Deontais aitheanta mar chaiteachas sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Choinnithe nuair a chomhlíontar na coinníollacha go léir a bhaineann leis an ndeontas nó le híocaíocht chéimnithe den deontas.

#### (F) Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Luaitear sócmhainní seasta ar costas lúide dímheas carnach. Déantar dímheas a ríomh ar bhonn líne dhíreach d'fhonn costas na sócmhainní seasta a dhíscríobh thar a saolré ionchais mheasta mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| • Mótarfheithiclí | 20% |
| • Daingeáin agus Feistis | 33.33% |
| • Trealamh agus Bogearraí TF | 33.33% |
| • Trealamh Oifige | 33.33% |
| • Clár Ocean | 33.33% |

Dímheastar go hiomlán sócmhainní ar a bhfuil luach níos lú ná €1,000 i mbliain na fála. Gearrtar dímheas bliana iomláine i mbliain na fála; ní ghearrtar dímheas i mbliain na diúscartha.

Aithnítear an gnóthachan nó an caillteanas, is é sin an difear idir na fáltais díola agus suim ghlanluacha na sócmhainne, a eascraíonn ar mhír de shócmhainní inláimhsithe a aistarraingt nó a dhiúscairt, sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe.

Coinnítear gléasra agus trealamh atá dímheasta ina n-iomláine sna ráitis airgeadais go dtí nach n-úsáidtear iad a thuilleadh.

Dímheastar Costais Feistithe thar théarma an léasa.

Cláraítear costais um Fhorbairt ar Chórais TF a bhaineann le cláir ÚFIÉ ar leith mar chaiteachas sa bhliain ina dtarlaíonn siad. D'fhéach an bhainistíocht ar an mbeartas agus creideann siad gur cuí na costais seo a chlárú mar gheall ar nádúr aithraitheach agus dinimiciúil na gclár.

### (G) Aoisliúntas

Forálann Alt 17 den Acht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002 do bhunú scéimeanna aoisliúntais ag an Údarás. Is scéim le sochar sainithe í an scéim chun críocha Acht na bPinsean, 1990.

Léirítear sochair phinsin atá tuillte ag fostaithe sa tréimhse i gcostais phinsin agus taispeántar iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin foirne a aisíoctar leis an Roinn i gcomhréir le socruithe maoinithe gníomhaireachta. Aithnítear suim a chomhfhreagraíonn don mhuirear pinsin mar ioncam sa mhéid is go bhfuil sé in-aisghnóthaithe ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha agus á seach-chur ag deontais a fuarthas sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a dhíscaoileadh. Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha ar dhliteanais na scéime sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa tsuim atá in-aisghnóthaithe ó RCFAN.

Léiríonn dliteanais phinsin luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin amach anseo a thuill an fhoireann go dtí seo. Is éard atá i gceist le maoiniú pinsin iarchurtha an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le haisghnóthú ó RCFAN amach anseo.

Ina theannta sin, tá an tÚdarás freagrach as feidhmiú Scéim Pinsin Shingil na Seirbhíse Poiblí (Scéim Shingil) arb ionann í agus an scéim pinsin le sochar sainithe do sheirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí chomhalta na Scéime Singile leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

### (H) An Cuntas Caipitil

Léiríonn an Cuntas Caipitiúil an tsuim neamhamúchta ioncaim a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach.

### (I) Léasanna

Déantar íocaíochtaí faoi léasanna oibriúcháin a mhuirearú chuig an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe de réir mar a bheidh siad dlite.

### (J) Treoir um Fheidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh

Gineann an tÚdarás ioncam EPBD faoin scéim um Rátáil Fuinnimh Foirgnimh (RFF) (I.R. Uimh. 243 de 2012, Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh), 2012, ar déileáladh leis roimhe seo faoi I.R. Uimh. 666 de 2006, Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh), 2006 (arna leasú). Faoin reachtaíocht, ní mór d'úinéir foirgnimh Deimhniú RFF a sholáthar mar aon le Tuarascáil Chomhairleach do cheannaitheoirí ionchasacha nuair atá foirgneamh á thógáil, á dhíol nó á ligean ar cíos. Tá roinnt táillí iníoctha maidir le RFF, lena n-áirítear táille nuair a chláraítear measúnóir agus tobhach maidir le gach measúnacht RFF a sheoltar ar aghaidh sa tréimhse chuig an Údarás ar mhaithe le Deimhniú RFF a eisiúint. Cuirtear ioncam EPBD i gcuntas ar bhonn fabhruithe.

### (K) Ioncam ó Chonradh an AE

Tagann ioncam ó chonradh an AE ó ghníomhaíochtaí a bhaineann le hÉifeachtúlacht Fuinnimh agus Fuinneamh In-athnuaite lena n-áirítear spéis a chur i dteicneolaíocht, scaipeadh faisnéise, taighde agus comhordú agus bainistiú imeachtaí. Aithnítear ioncam i gcomhréir le téarmaí an chonartha agus tá sé bunaithe ar cheanglais uainithe agus feidhmíochta an chonartha. De bhrí go ndéantar a leithéid de chistí a loghadh ar ais chuig RCFAN aithnítear dliteanas comhfhreagrach nuair a aithnítear an t-ioncam.

### (L) Breithiúnais agus Meastacháin Shuntasacha Chuntasaíochta

Déantar na toimhdí atá mar bhonn leis na luachálacha achtúireacha ar a mbunaítear na méideanna aitheanta sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe ar leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí básmhaireachta agus treorátaí costas cúram sláinte) a nuashonrú go bliantúil bunaithe ar choinníollacha geilleagracha reatha, agus ar aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus ar choinníollacha na bpleananna pinsin agus iar-scoir.

D'fhéadfadh tionchar a bheith ag na nithe seo a leanas ar na toimhdí:

(i) an ráta lascaine, athruithe sa ráta fáltais ar bhannaí corparáide archaighdeáin

(ii) leibhéil chúitimh amach anseo, coinníollacha an mhargaidh shaothair amach anseo

(iii) treorátaí costas cúram sláinte, ráta boilscithe costas leighis sna réigiúin ábhartha.

## 2. DEONTAIS STÁIT

Faoi Alt 22(1) den Acht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002 soláthraíonn an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha cistiú don Údarás chun tabhairt faoina gcuid feidhmeanna.

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| **Clár** | | |
| C3: Riarachán ÚFIÉ | | |
| – Reatha | 6,771 | 6,996 |
| C4: Cláir Fuinnimh Inmharthana | | |
| – Reatha | 6,213 | 6,250 |
| – Caipiteal | 49,633 | 57,466 |
| C5: Cláir Thaighde Fuinnimh | | |
| – Reatha | 836 | 981 |
| – Caipiteal | 4,856 | 4,501 |
| Caiteachas Cláir Iomlán | 68,309 | 76,194 |
| Lúide Cistí an EPBD a aisíocadh leis an Roinn | – | (380) |
| | **68,309** | **75,814** |

Tá gach clár faoi fho-cheannteideal C3, C4 agus C5 thuasluaite lánmhaoinithe ag RCFAN faoi Vóta 29.

Fuair ÚFIÉ cistiú €3,200,000 idir 2007 agus 2009 ón RCFAN d'fhonn an scéim Rátáil Fuinnimh Foirgnimh (RFF) a bhunú. Le linn 2012, aisíocadh suim €2,820,305 leis an Roinn ó chistí a ghin an scéim. Loghadh fuílleach an iarmhéid, €379,695 leis an Roinn in 2014.

## 3. IONCAM Ó CHONRADH AN AE

Tagann na cistí €33,580 (2014: €123,465) ó ghníomhaíochtaí a bhaineann le hÉifeachtúlacht Fuinnimh agus Fuinneamh In-athnuaite lena n-áirítear spéis a chur i dteicneolaíocht, scaipeadh faisnéise, taighde agus comhordú agus bainistiú imeachtaí. Aisíoctar na cistí seo ar ais leis an RCFAN.

## 4. IONCAM EILE

Is ionann ioncam eile agus fáltais ó chúrsaí agus fáltais ó urraíocht.

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Ioncam ceardlainne | – | 33 |
| Urraíocht ar Dhámhachtainí Fuinnimh Inmharthana | 70 | 40 |
| Ús bainc | 1 | 1 |
| Ioncam eile | 57 | 32 |
| Clár Scoile 'One Good Idea' | 98 | – |
| | **226** | **106** |

## 5. CAITEACHAS RIARACHÁIN

Tá na hearraí a leanas i gceist le Caiteachas Riaracháin:

| | | 2015 | Athluaite 2014 |
|---|---|---|---|
| | Nótaí | €'000 | €'000 |
| Tuarastail agus muirir ghaolmhara | 5.1 | 4,262 | 4,102 |
| Costais phinsin | 14 | 1,736 | 1,329 |
| Earcú, Oiliúint agus Oideachas | 5.2 | 114 | 111 |
| Fógraíocht agus Cur chun Cinn | 5.3 | 274 | 295 |
| Táillí Ginearálta Gairmithe | 5.4 | 422 | 296 |
| Riarachán Ginearálta | 5.5 | 1,811 | 1,917 |
| | | **8,619** | **8,050** |

## 5.1. TUARASTAIL AGUS MUIRIR GHAOLMHARA

| | Nótaí | 2015 €'000 | Athluaite 2014 €'000 |
|---|---|---|---|
| Tuarastail | | 3,317 | 3,251 |
| ÁSPC Fostóra | | 315 | 291 |
| Foireann Ghníomhaireachta/ Chonartha | | 564 | 505 |
| Luach Saothair Chomhaltaí Boird | 16 | 66 | 55 |
| | | **4,262** | **4,102** |

Asbhaineann an tÚdarás ranníocaíochtaí aoisliúntais fostaithe a aisíoctar leis an Roinn Fuinnimh, Cumarsáide agus Acmhainní Nádúrtha. San áireamh i gcostas na dtuarastal tá €185,620 (2014: €179,791) i ndáil le ranníocaíochtaí aoisliúntais fostaithe. Ní cheanglaítear ar an Údarás ranníocaíochtaí fostóra a dhéanamh leis an scéim.

### Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh

D'éirigh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) as a phost ar an 2ú Nollaig 2015. In 2015 bhí luach iomlán luach saothair an iar-POF cothrom le €105,394 (2014: €111,500). Ní raibh Scéim Dhámhachtainí a bhaineann le Feidhmíocht san áireamh ina chonradh fostaíochta.

Níor bhain teidlíocht pinsin an iar-POF ach leis na teidlíochtaí caighdeánacha a shonraítear i scéim eiseamláireach aoisliúntais le sochar sainithe na hearnála poiblí. In 2015 bhí luach saothair an iar-POF cothrom le €3,085 (2014: €2,144).

Ceapadh an POF Eatramhach ar an 3ú Nollaig 2015. In 2015 bhí luach saothair an POF Eatramhaigh cothrom le €9,547. Níor bhain teidlíocht sochar scoir an POF eatramhaigh ach leis na teidlíochtaí caighdeánacha a shonraítear i scéim eiseamláireach aoisliúntais le sochar sainithe na hearnála poiblí.

### Tobhach Pinsin

€227,415 (2014: Asbhaineadh €227,415 (2014: €230,401) de thobhach pinsin ó thuarastail agus íocadh é leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha i rith na bliana.

### Tábla Sochair Fostaithe

| Banda Sochair € | Líon Fostaithe FTE amhail an 31 Nollaig 2015 | Líon Fostaithe FTE amhail an 31 Nollaig 2014 |
|---|---|---|
| 60,001 – 70,000 | 9.8 | 8.8 |
| 70,001 – 80,000 | 17 | 17 |
| 80,001 – 90,000 | 7 | 6 |
| 90,001 – 100,000 | 3 | 4 |
| 100,001 – 110,000 | 0 | 0 |
| 110,001 – 120,000 | 1 | 1 |

### Táillí Boird

Nochtar táillí boird i Nóta 17.

## 5.2. EARCAÍOCHT, OILIÚINT AGUS OIDEACHAS

| | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| Oiliúint agus Earcaíocht Foirne | 102 | 101 |
| Suibscríbhinní agus Foilseacháin Foirne | 12 | 10 |
| | **114** | **111** |

## 5.3. FÓGRAÍOCHT AGUS CUR CHUN CINN

| | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| Costais Fógraíochta | 14 | 15 |
| Cló agus Dearadh | 48 | 54 |
| Urraíocht | 34 | 51 |
| Cumarsáid agus Caidreamh Poiblí | 119 | 120 |
| Ábhair Cheardlainne agus Costais Imeachtaí | 43 | 43 |
| Cothabháil agus Forbairt an Láithreáin Ghréasáin | 16 | 12 |
| | **274** | **295** |

## 5.4. TÁILLÍ GINÉARÁLTA GAIRMITHE

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Clár na scoileanna | 369 | 240 |
| Táillí Rúnaíochta na Cuideachta | 53 | 56 |
| | **422** | **296** |

## 5.5. RIARACHÁN GINEARÁLTA

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Cíos, Rátaí agus Muirir Sheirbhíse | 618 | 617 |
| Taisteal agus Cothabháil – an Fhoireann | 11 | 20 |
| Taisteal agus Cothabháil – an Bord | 1 | 2 |
| Caiteachas Ginearálta TF | 23 | 6 |
| Cothabháil TF | 314 | 274 |
| Forbairt Córais TF | 129 | 354 |
| Ceadúnais TF | 70 | 31 |
| Tomhaltáin TF | 16 | 14 |
| Deasc Chabhrach TF | 60 | 104 |
| Dímheas | 165 | 156 |
| Táillí iniúchta – seachtrach | 32 | 31 |
| Táillí iniúchta – inmheánach | 25 | 40 |
| Árachas agus Dleathach | 58 | 45 |
| Línte Gutháin agus Sonraí | 175 | 123 |
| Páipéarachas | 7 | 11 |
| Caiteachas a bhaineann leis an bhfoireann[1] | 11 | 7 |
| Eile | 96 | 82 |
| | **1,811** | **1,917** |

[1] Áirítear sa chaiteachas a bhaineann leis an bhfoireann in 2015 suim €3,519 (2014: €2,563) a bhaineann le ranníocaíocht ÚFIÉ d'ócáid foirne ag am Nollag. Ranníocann an fhoireann leis an imeacht seo chomh maith.

## 6. CAITEACHAS CLÁR

Tá na míreanna a leanas i gceist le caiteachas clár:

| | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|
| | Nótaí | €'000 | €'000 |
| **Éifeachtúlacht Fuinnimh** | | | |
| Fuinneamh Níos Fearr, Tithe Níos Teo | 6.1 | 18,752 | 21,122 |
| Fuinneamh Níos Fearr, Tithe Níos Teo Ceantarbhunaithe | 6.2 | – | 9,260 |
| Clár Tionscail agus Gnó | 6.3 | 967 | 1,245 |
| Tithe Fuinnimh Níos Fearr | 6.4 | 16,077 | 12,022 |
| Éifeachtúlacht Fuinnimh na hEarnála Poiblí | 6.5 | 1,713 | 1,502 |
| Clár Forbartha Aisfheistithe | 6.6 | 892 | 949 |
| Pobail Fuinnimh Níos Fearr | 6.7 | 16,448 | 14,829 |
| Méadrú Cliste Fuinnimh Níos Fearr | 6.8 | 125 | 155 |
| Maoiniú Fuinnimh Níos Fearr | 6.9 | 407 | 953 |
| **Fuinneamh In-Athnuaite** | | | |
| Taighde, Forbairt & Úsáid Fuinneamh In-athnuaite | 6.10 | 1,672 | 1,272 |
| Fuinneamh Aigéin | 6.11 | 4,023 | 3,606 |
| **Nuálaíocht agus Comhtháthú** | | | |
| Faisnéis ar Fhuinneamh In-Athnuaite | 6.12 | 63 | 22 |
| Pobail Fuinnimh Inmharthana | 6.13 | 229 | 218 |
| Staitisticí agus Samhaltú Fuinnimh | 6.14 | 346 | 370 |
| Feithiclí Leictreacha | 6.15 | 2,769 | 1,262 |
| | | **64,483** | **68,787** |

Áirítear gach costas riaracháin a bhaineann go díreach le caiteachas cláir sna costais chlár thuas.

### 6.1. FUINNEAMH NÍOS FEARR, TITHE NÍOS TEO

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Deontais arna nEisiúint | 356 | 5,638 |
| Conraitheoirí Príobháideacha | 17,370 | 14,239 |
| Seirbhísí agus Cigireachtaí Teicniúla | 44 | 209 |
| Bainistíocht Custaiméirí agus Dearbhú Cáilíochta | 587 | 594 |
| Comhairleoireacht Cliant | 9 | 4 |
| Costais Eile | 134 | 180 |
| Forbairt agus Bainistíocht Córais TF | 245 | 251 |
| Costais Taistil | 7 | 7 |
| | **18,752** | **21,122** |

Tacaíonn an scéim Fuinnimh Níos Fearr, Tithe Níos Teo le huasghrádú a dhéanamh ar éifeachtúlacht tithe atá faoi úinéireacht phríobháideach atá thíos le bochtaineacht bhreosla. Eascraíonn compord níos fearr agus costais laghdaithe fuinnimh as feabhsúcháin ar éifeachtúlacht fuinnimh. Déanann ÚFIÉ an scéim a riar agus a sheachadadh trí mheascán d'Eagraíochtaí Pobalbhunaithe (CBOanna) agus painéal de chonraitheoirí príobháideacha. In 2015 athraíodh an modh seachadta seirbhíse do CBOanna ó chóras bunaithe ar dheontas go seirbhís tairisceana. In 2015 aisfheistíodh 6,867 teach (2014: 9,056 teach) faoin scéim Fuinneamh Níos Fearr, Tithe Níos Teo.

### 6.2. FUINNEAMH NÍOS FEARR, TITHE NÍOS TEO CEANTARBHUNAITHE

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Deontais arna nEisiúint | – | 9,051 |
| Oibriú/Cur chun Cinn an Chláir | – | 209 |
| | **–** | **9,260** |

Thacaigh an Clár Ceantarbhunaithe – Fuinneamh Níos Fearr, Tithe Níos Teo le tionscadail, a bhí cheantarbhunaithe nó a bhí dírithe go geografach, atá ar ardcháilíocht, ar phraghas iomaíoch agus a sholáthraíonn feabhsúcháin ar éifeachtúlacht fuinnimh i dtithe ar bheagán fuinnimh. Leagadh an bhéim ar raon tionscadal a sholáthar a ghnóthaigh coigilteas fuinnimh d'úinéirí tí agus do phobail, trí thionscadail a spreag cur chuige atá bunaithe ar chomhpháirtíocht a bhí cost-éifeachtach dá bhí sin. Aisfheistíodh 3,204 teach faoin scéim in 2014, bliain dheireanach na scéime.

### 6.3. CLÁR TIONSCAIL AGUS GNÓ

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Comhaontuithe Fuinnimh agus LIEN | 309 | 399 |
| Éifeachtúlacht Fuinnimh a Chur chun Cinn sa Ghnó | 160 | 349 |
| Costais Oibríochtúla ACA/Trí E | 111 | 161 |
| Costais SME agus Tionscail Eile | 315 | 311 |
| Costais Forbartha augs Chothabhála Córais TF | 66 | 16 |
| Costais Taistil | 6 | 9 |
| | **967** | **1,245** |

Tacaíonn an clár seo le hiarrachtaí i measc gach earnáil ghnó chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus iomaíocht trí líonraí agus seirbhísí a chuireann bainistíocht struchtúrtha fuinnimh chun cinn i leith caighdeán den chéad scoth, agus margaí a fhorbairt le haghaidh comhairle agus seirbhísí éifeachtúlachta fuinnimh. Ar an gclár freisin bhí tacaíocht agus cothabháil do na Liúntais Bhrostaithe Caipitil/ clár Trí E (Triple E) nuair a cuireadh síneadh rathúil leis an scéim ag deireadh 2014 go dtí 2017. Ag éirí as sin cuireadh 4,000 táirge leis an gclár in 2015 ionas go raibh breis is 15,990 táirge atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh ar an mbunachar sonraí.

## 6.4. TITHE FUINNIMH NÍOS FEARR

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Deontais arna nEisiúint | 14,325 | 9,896 |
| Seirbhísí agus Cigireachtaí Teicniúla | 351 | 622 |
| Seachadadh Oibríochtúil | 856 | 737 |
| Costais Eile | 204 | 133 |
| Costais TF | 296 | 221 |
| Fógraíocht | 37 | 393 |
| Costais Taistil | 8 | 20 |
| | **16,077** | **12,022** |

Spreagann an Clár um Thithe Fuinnimh Níos Fearr úinéirí tí a dtithe a dhéanamh níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de agus a spleáchas ar bhreoslaí fuinnimh a laghdú. Baintear é seo amach trí dheontais a chur ar fáil le haghaidh raon beart amhail insliú, uasghrádú teasa agus painéil ghréine. Is é an toradh atá air seo tithe níos teo agus billí fuinnimh níos ísle.

Is clár náisiúnta é Tithe Fuinnimh Níos Fearr atá oscailte do gach úinéir tí lena n-áirítear tiarnaí talún teaghaisí a tógadh roimh 2006. Rinneadh uasghrádú ar 12,226 teach in 2015, méadú 28% i gcomparáid le 2014. Tá an clár faoi thionchar an éilimh agus méadú ar éileamh is cúis le méadú ar chaiteachas deontais.

In 2011, shainaithin an tÚdarás líon neamhrialtachtaí a bhain le conraitheoir amháin faoin Scéim Tithe Fuinnimh Níos Fearr. Amhail an 31 Nollaig 2015, is é €434,420 an tsuim iomlán atá faoi imscrúdú. Tá an figiúr seo faoi réir leasú anuas ar feitheamh cur i gcrích imeachtaí dlí agus aisghabháil na gcistí.

Is é 175,664 líon iomlán na ndeontas a eisíodh ó cuireadh tús leis an gClár in 2009. Ag deireadh 2015 bhí ÚFIÉ sa tóir ar 197 aisíocaíocht de luach iomlán €204,189 ó úinéirí tí mar thoradh ar na téarmaí agus coinníollacha a bheith sáraithe acu. Tagann an méid seo sa bhreis ar an gcás atá leagtha amach thuas. Tá 111 cás á scrúdú ag Biuró an Gharda Síochána um Imscrúdú Calaoise, as an 197 cás seo.

## 6.5. ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH NA HEARNÁLA POIBLÍ

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Deontais | 383 | 316 |
| Seirbhísí Comhairleoireachta do Chliaint | 895 | 828 |
| Acmhainní EinE do Scoileanna | 57 | 105 |
| Costais Oibríochtúla Eile | 256 | 120 |
| Forbairt agus Bainistíocht Córais TF | 118 | 130 |
| Costais Taistil | 4 | 3 |
| | **1,713** | **1,502** |

Cuireann an clár seo cleachtais struchtúrtha bhainistíochta fuinnimh agus seachadann sé comhairle dhíreach ar éifeachtúlacht fuinnimh, meantóireacht, oiliúint agus tacaíochtaí speisialaithe teicniúla d'eagraíochtaí earnála poiblí. Déanfar córas ar líne maidir le Tuairisciú agus Faireachán a sholáthar mar chuid den chlár mar aon le tacaíochtaí comhairleacha chun cabhrú le comhlachtaí poiblí agus le scoileanna a gcuid oibleagáidí bliantúla a chomhlíonadh maidir le dul chun cinn a thuairisciú i gcoinne na sprice 33% um éifeachtúlacht fuinnimh don bhliain 2020. Áirítear leis seo freisin, forbairt na gcreataí chun conraitheoireacht fhuinnimh agus aisfheistithe agus uasghrádú um éifeachtúlacht fuinnimh a sholáthar nuair a thacaítear leis na costais idirbhearta a bhaineann leis na cineálacha cur chuige sin tríd an ndeontas um Chúnamh Teicniúil.

## 6.6. CLÁR FORBARTHA AISFHEISTITHE

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Forbairt an Chláir | 75 | 73 |
| Forbairt Córais TF | 318 | 590 |
| Costais Eile | 404 | 206 |
| Comhairle Straitéiseach | 53 | 24 |
| Comhairleoireacht Cliant | 30 | 56 |
| Costais Taistil | 12 | – |
| | **892** | **949** |

Is í aidhm an chláir Aisfheistithe tacú le forbairt an chláir náisiúnta Fuinneamh Níos Fearr atá níos forleithne mar a fógraíodh i mí na Bealtaine 2011 i dtreo spriocanna coigiltis fhuinnimh a bhaint amach arna léiriú sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh agus sa Treoir um Éifeachtúlacht Fuinnimh 2012. Tógann an fhorbairt ar chláir dheontais rathúla baile agus tráchtála de chuid ÚFIÉ agus tógfaidh sé scála na gníomhaíochta go leibhéal nach raibh a leithéid ann riamh, dírithe ar ghníomhaithe margaidh a thabhairt ar bord, ar a n-áirítear soláthróirí fuinnimh, chun uasghrádú ardtoirte a sholáthar go héifeachtach agus go héifeachtúil. Ina theannta sin díreoidh an clár ar an aistriú a theastóidh chun taca a chur faoi thodhchaí ina mbeidh meicníochtaí airgeadais nua i bhfeidhm chun tacú le haisfheistiú foirgneamh agus saoráidí.

Tá Scéim Oibleagáide um Éifeachtúlacht Fuinnimh (EEOS) á cur i bhfeidhm in Éirinn i gcomhréir le Treoir AE um Éifeachtúlacht Fuinnimh. Cuireadh tús leis an gclár seo in 2014 le creataí ama 3 bliana don Chomhaontú go dtí 2020. Tá ÚFIÉ ainmnithe mar Údarás Eisiúna do riarachán na Scéime (EEOS). Ceanglaíonn an Treoir oibleagáid dhlithiúil ar Bhallstáit coigilteas 1.5% a bhaint amach gach bliain ó 2014 go 2020 de na díolacháin fuinnimh bliantúla le custaiméirí deiridh na ndáileoirí fuinnimh go léir agus na gcuideachtaí miondíola um díolachán fuinnimh. Tá cinneadh déanta ag Éirinn coigilteas breise bliantúil 1.5% a bhaint amach trí mheascán d'oibleagáid ar sholáthraí fuinnimh agus bearta beartais eile. Áirítear leis na bearta malartacha seo coigilteas nua a bhainfear amach le bearta rialála agus cláir náisiúnta eile um éifeachtúlacht. Cuireadh Córas Bainistíochta um Chreidmheas Fuinnimh (Córas Faisnéise – ECMS) le chéile mar stór lárnach do chreidmheasanna coigiltis fhuinnimh le go mbeifí in ann coigilteas bliantúil náisiúnta agus dul chun cinn chun na sprice a thuairisciú. Déantar an fhorbairt seo agus costais riaracháin an EEOS a mhaoiniú ó Aisfheistiú faoi láthair.

## 6.7. POBAIL FUINNIMH NÍOS FEARR

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Deontais arna nEisiúint | 16,074 | 14,583 |
| Oibriú/Cur chun Cinn an Chláir | 374 | 246 |
| | **16,448** | **14,829** |

In 2015 sheol ÚFIÉ gairm na bPobal Fuinnimh Níos Fearr ar thacaíocht a thabhairt do thionscadail ag an leibhéal pobail, agus é mar aidhm shonrach aige comhpháirtíochtaí nuálacha ceannródaíocha a thástáil idir mar shampla an earnáil phoiblí agus phríobháideach, an earnáil baile agus tráchtála, eagraíochtaí tráchtála agus neamhbhrabúis lena n-áirítear tithe atá bocht ó thaobh fuinnimh. Lorgaíodh freisin go ndéanfaí tionscadail a sheachadadh ag úsáid réitigh nuálacha airgeadais. In 2015 mhaoinigh ÚFIÉ 33 thionscadal (2014: 58 tionscadal) faoin Scéim um Pobail Fuinnimh Níos Fearr a chuireann ar an meán tacaíocht deontais 42% ar fáil.

Is iad príomhchuspóirí an Chláir um Pobal Fuinnimh Níos Fearr:

- Éifeachtúlacht theirmeach agus leictreach an tsoláthair foirgneamh agus áiseanna baile agus tráchtála a fheabhsú.
- Cuir chuige comhpháirtíochta nuálacha atá éifeachtúil ó thaobh costaisde a sholáthar chun tionscadail fuinnimh inmharthana scála a sheachadadh.
- Sásraí maoiniúcháin a léiriú a oibríonn chun aisfheistiú tithe a mhaoiniú agus le haghaidh iarratais neamhchónaithe agus úsáid Chonraitheoireacht Fhuinnimh a chur chun cinn.

### 6.8. MÉADRÚ CLISTE FUINNIMH NÍOS FEARR

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Staidéir/Tuarascálacha Coimisiúnaithe | 59 | 33 |
| Oibriú/Cur chun Cinn an Chláir | 5 | 10 |
| Costais Oibríochtúla Eile | 61 | 112 |
| | **125** | **155** |

Glacann ÚFIÉ sa tionscadal náisiúnta méadraithe chliste, atá comhordaithe ag an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh agus tá siad freagrach as comhordú gnéithe Idirchaidrimh Custaiméirí an chláir oibre seo. Is é ÚFIÉ an comhordaitheoir freisin ar Ghrúpa Forfheidmithe na hEangaí Cliste Náisiúnta agus tá sé freagrach as infreastruchtúr binse tástála na hEangaí Cliste a sholáthar faoi Phlean Gníomhaíochta an Rialtais le haghaidh Post.

### 6.9. MAOINIÚ FUINNIMH NÍOS FEARR

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Deontais arna nEisiúint | 105 | 296 |
| Staidéir Thaighde Choimisiúnaithe | 93 | 336 |
| Costais Taistil | 2 | 3 |
| Costais Oibríochtúla Eile | 207 | 318 |
| | **407** | **953** |

Tionscnamh Rialtais atá sa tionscadal Maoinithe Fuinnimh Níos Fearr (BEF) d'fhonn aistriú chuig cur chuige atá dírithe níos mó ar an margadh i leith éifeachtúlachtaí fuinnimh a fhíorú agus is príomhghné é i bPlean Gníomhaíochta le haghaidh Post an Rialtais, a aithníonn scóip shuntasach chun fostaíocht a bhaineann leis an tógáil a eascraíonn ó chlár náisiúnta éifeachtúlachta fuinnimh. Díríonn Tionscadal an BEF ar thaighde a dhéanamh ar an aistriú a theastaíonn chun bheith mar bhonn agus taca leis an ngluaiseacht i dtreo na meicníochtaí nua maoinithe is oiriúnaí le haghaidh tomhaltóirí ar mian leo a dtithe a uasghrádú agus fáil a bheith acu ar an gcoigilt iarmharach éifeachtúlachta fuinnimh.

### 6.10. TAIGHDE, FORBAIRT & LONNÚ FUINNIMH IN-ATHNUAITE

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Deontais arna nEisiúint | 945 | 699 |
| Taighde lenar Tacaíodh | 76 | 174 |
| Fostaíocht agus Comhpháirtíochtaí Taighde | 239 | 231 |
| Forbairt agus Cothabháil TF | 146 | 42 |
| Staidéir/Tuarascálacha Coimisiúnaithe | 241 | 94 |
| Costais Taistil | 25 | 32 |
| | **1,672** | **1,272** |

Tacaíonn an clár seo le taighde ar fhuinneamh inmharthana, tionscadail agus staidéir forbartha agus thaispeána, agus soláthraíonn sé anailís speisialtóra chun dul i ngleic le bacainní teicneolaíochta atá roimh fhuinnimh inmharthana a úsáid agus a chuireann feabhas ar chur i bhfeidhm fuinnimh inmharthana i margadh na hÉireann.

Déanann an clár faisnéis neamhspleách ar fhoinsí fuinnimh inmharthana a fhorbairt, a chur chun cinn agus a uasdátú go rialta freisin agus tugann sé tacaíocht do rannpháirtíocht na hÉireann sa taighde dea-chleachtais agus i malartú faisnéise sna réimsí seo. Mar chuid de seo feidhmíonn sé mar Thoscaire Náisiúnta don taighde fuinnimh faoi Fhís 2020 agus tacaíonn sé le rannpháirtíocht na hÉireann i ngníomhaíochtaí taighde na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta Fuinnimh.

### 6.11. FUINNEAMH AIGÉIN

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Deontais arna nEisiúint | 1,810 | 608 |
| Oibreacha ar Fochonradh | 1,644 | 2,665 |
| Staidéir/Taighde Coimisiúnaithe | – | 47 |
| Costais Eile | 254 | 255 |
| Obair Shuíomh Tástála Mhaigh Eo | 307 | 20 |
| Costais Taistil | 8 | 11 |
| | **4,023** | **3,606** |

Riarann ÚFIÉ an Clár Fuinneamh Aigéin chun cinneadh beartais an Rialtais a chur i bhfeidhm chun forbairt Fuinneamh Aigéin in Éirinn a luathú. Bunaíodh an clár chun fairsingiú teicneolaíochtaí fuinneamh aigéin in Éirinn a chur chun cinn. Áiríodh leis na gníomhaíochtaí 2015:

- Cabhair a thabhairt don RCFAN lena Phlean Forbartha Fuinnimh Inmharthana Amach Ón gCósta a chríochnú
- Tairiscintí deontais a riar do 25 thionscadal faoin gciste fréamhshamhla um Thaighde agus Forbairt Fuinneamh Aigéin
- Clár suirbhéanna ar ghrinneall na farraige ag suíomhanna féideartha forbartha i gcomhpháirtíocht le Foras na Mara
- Tacaíocht a thabhairt do na láithreáin náisiúnta tástála fuinnimh mara i gCorcaigh, Gaillimh agus Maigh Eo agus iad a fhorbairt.

### 6.12. FAISNÉIS AR FHUINNEAMH IN-ATHNUAITE

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Oibriú/Cur chun Cinn an Chláir | 63 | 22 |
| | **63** | **22** |

Soláthraíonn an clár seo comhairle agus faisnéis neamhspleách ar shaincheistenna teicniúla, airgeadais agus sóisialta a bhaineann le forbairt agus fairsingiú fuinnimh in-athnuaite.

### 6.13. POBAIL FUINNIMH INMHARTHANA

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Seachadadh na hOibríochta | 207 | 167 |
| Comhairle Straitéiseach | 10 | 48 |
| Costais Taistil | 12 | 3 |
| | **229** | **218** |

Baineann an clár seo le tacaíocht a thabhairt do chríochnú an Tionscadail Concerto HOLISTIC arna maoiniú ag an AE agus tá sé dírithe anois ar acmhainn a thógáil i bpobail le go mbeifear in ann tionscadail fuinnimh inmharthana ar scála mór agus aistriú go pobail fuinnimh inmharthana (PFI) a sheachadadh agus tá gréasán náisiúnta PFI forbartha leis freisin.

### 6.14. STAITISTICÍ AGUS SAMHALTÚ FUINNIMH

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Comhairle Straitéiseach ar Shamhaltú Fuinnimh | 13 | 13 |
| Costais Eile | 128 | 154 |
| Tuarascálacha/Taighde Coimisiúnaithe | 90 | 151 |
| Costais Taistil | 30 | 23 |
| Ceadúnais TF | 85 | 29 |
| | **346** | **370** |

Comhlíonann an clár seo freagracht ÚFIÉ as staitisticí cuimsitheacha, náisiúnta agus earnála a fhorbairt, a choimeád agus a fhoilsiú le haghaidh táirgeadh, aistriú agus úsáid deiridh fuinnimh. Cuimsíonn sé seo freisin staidéir mion ar shamhaltú agus anailís ar bheartais chun bonn fianaise neamhspleáiche a sholáthar chun tacú le ceapadh beartais náisiúnta , agus rannpháirtíocht i raon plé idirnáisiúnta ar bheartais agus i ngníomhaíochtaí measúnachta.

### 6.15. FEITHICLÍ LEICTREACHA

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Deontais arna nEisiúint | 2,644 | 1,207 |
| Clár Píolótach FL Oileán Árann | – | 9 |
| Costais Eile | 116 | 42 |
| Forbairt agus Cothabháil TF | 4 | 2 |
| Costais Taistil | 5 | 2 |
| | **2,769** | **1,262** |

Tá an clár ag tacú le lonnú teicneolaíocht feithiclí leictreacha i gcóras iompair na hÉireann agus mhaonigh sé 555 carr leictreacha in 2015 (2014: 268 carr) ar tugadh cabhair deontais dóibh faoin gclár seo in 2015.

### 7. LEITHGHABHÁLACHA

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Ioncam ó Chonradh an AE | (49) | 227 |
| Fáltais ó réadmhaoin eagraíochta pobalbhunaithe a dhíol | – | 8 |
| Aisíocaíochtaí Deontais | 81 | 16 |
| Eile | 6 | 8 |
| | **38** | **259** |

Rinneadh na suimeanna thuas a tharchur ar ais chuig an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha ó ÚFIÉ. Baineann na suimeanna le fáltais Neamh-Státchiste a fuair ÚFIÉ.

### 8. RÁTÁIL FUINNIMH FOIRGNIMH

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Oibríocht Sheachfhoinsithe an Chláir | 548 | 424 |
| Forbairt agus Seachadadh an Chláir | 381 | 262 |
| Fógraíocht | – | 51 |
| Dearbhú Cáilíochta | 461 | 436 |
| Tacaíocht agus Cothabháil TF | 383 | 254 |
| Forbairt Córas TF | 771 | 181 |
| Costais Taistil | 6 | 10 |
| | **2,550** | **1,618** |

Bunaíodh an scéim um Rátáil Fuinnimh Foirgnimh (RFF) faoi Rialacháin IR 666 de 2006 de chuid na gComhphobal Eorpach maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh (arna chúlghairm) agus a rialaítear anois faoi Rialacháin IR 243 de 2012 de chuid na gComhphobal Eorpach maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh. Ainmníodh ÚFIÉ mar an Údarás Eisithe ag a bhfuil freagracht as measúnóirí RFF a chlárú, uirlisí TF agus córais a sholáthar le haghaidh measúnuithe, measúnuithe logála RFF ar an gclár náisiúnta agus bainistíocht agus cur chun cinn fhoriomlán na scéime.

Ba é €2,657,575 ioncam na bliana ón scéim RFF (2014 €3,393,775) a raibh farasbarr €107,432 don bhliain de thoradh air (2014: €1,776,227).

In athbhreithniú ar tháillí an RFF a choimisiúnaigh Grúpa Forfheidhmithe EPBD, moladh laghdú 25% ar tháillí clárúcháin agus athnuachana do mheasúnóirí agus agus laghdú 10% ar thobhaigh foilseacháin. Ar Ghrúpa Forfheidhmithe EPBD tá ionadaithe sinsearacha ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus ÚFIÉ. Tá feidhm ag na táillí agus tobhaigh athbhreithnithe ón 23 Nollaig 2014.

## 9. RÉADMHAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH

| | Trealamh agus Bogearraí TF | Clár Ocean | Trealamh Oifige | Daingneáin agus Feistis | Mótar-fheithiclí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Costas:** | | | | | | |
| Iarmhéid amhail 1 Eanáir 2015 | 1,153 | 1,028 | 11 | 243 | 28 | 2,463 |
| Diúscairtí | (424) | | | | | (424) |
| Breisiúcháin | 138 | | – | | – | 138 |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2015** | **867** | **1,028** | **11** | **243** | **28** | **2,177** |
| **Carnach:** | | | | | | |
| Iarmhéid amhail 1 Eanáir 2015 | (1,052) | (1,028) | (11) | (167) | (28) | (2,286) |
| Diúscairtí[2] | 424 | | | | | 424 |
| Muirear don Bhliain reatha | (146) | | | (19) | | (165) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2015** | **(774)** | **(1,028)** | **(11)** | **(186)** | **(28)** | **(2,027)** |
| **Glanluach Leabhar amhail an 31 Nollaig 2015** | **93** | **0** | **0** | **57** | **0** | **150** |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2014** | **101** | **0** | **0** | **76** | **0** | **177** |

[2] D'éirigh na diúscairtí as athbhreithniú ar Shócmhainní Seasta in 2015. Bhí na sócmhainní sin iomlán dímheasta. Áirítear leis an iarmhéid seo sócmhainní TF as feidhm a tugadh do charthanas. (thart ar 40%).

## 10. SUIMEANNA INFHAIGHTE EILE

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Tairiscint Choinséartó Dhún Dealgan | 32 | 32 |
| Conarthaí an AE | 151 | 128 |
| Suimeanna EPBD infhála | 212 | 287 |
| Réamhíocaíochtaí | 515 | 501 |
| Suimeanna infhála eile | 51 | 19 |
| | **961** | **967** |

## 11. SUIMEANNA INÍOCTHA & FABHRUITHE

| | 2015 | Athluaite 2014 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Suimeanna Iníoctha Eile | 852 | 376 |
| Fabhruithe | 3,239 | 432 |
| Tionscadal Iomlánaíoch Dhún Dealgan 2020 | 94 | 1,718 |
| CBL | 557 | 966 |
| PSWT | 339 | 330 |
| ÍMAT/ÁSPC | 110 | 106 |
| Suimeanna iníoctha eile | 533 | 599 |
| Ioncam Iarchurtha | 170 | 324 |
| | **5,894** | **4,851** |

## 12. AN CUNTAS CAIPITIL

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Iarmhéid Tosaigh | 177 | 269 |
| **Aistriú (go)/ó Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe:** | | |
| An tsuim a caipitlíodh maidir le sócmhainní a ceannaíodh | 138 | 64 |
| Amúchadh ar aon dul le dímheas sócmhainní | (165) | (156) |
| | (27) | (92) |
| **Iarmhéid ag deireadh na bliana** | **150** | **177** |

## 13. AN BANC

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Cuntas Bainc Reatha | 10 | 10 |
| Cuntas Coigiltí | 2,105 | 2,787 |
| Cuntas an EPBD | 3,148 | 2,665 |
| | 5,263 | 5,462 |
| Tionscadal Iomlánaíoch Dhún Dealgan 2020 | 94 | 1,718 |
| | **5,357** | **7,180** |

Tionscadal le maoiniú an AE faoi FP6 (Séú Creatchlár an AE um Thaighde agus Forbairt Teicneolaíochta) is ea tionscadal Iomlánaíoch Dhún Dealgan 2020. Gníomhaíonn ÚFIÉ mar chomhordaitheoir an tionscadail, ina bhfuil 23 comhpháirtí i 6 thír Eorpacha. Faigheann ÚFIÉ maoiniú thar ceann an tionscadail agus dáileann sé an maoiniú seo ar na páirtithe ábhartha. Dá réir sin, ní áirítear an t-ioncam agus an caiteachas i gcuntas ioncaim agus caiteachais ÚFIÉ. Tá na cistí ar láimh san áireamh san iarmhéid bainc agus i gcreidiúnaithe chomh maith. Leagtar amach síos thíos na suimeanna a fuarthas agus a íocadh.

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Cistí ar láimh amhail an 1 Eanáir | 1,718 | 3,768 |
| Fáltais sa bhliain | – | – |
| Íocaíochtaí sa bhliain | (1,624) | (2,050) |
| **Cistí ar láimh amhail an 31 Nollaig** | **94** | **1,718** |

## 14. COSTAIS SHOCHAIR SCOIR

Oibríonn Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ) scéimeanna neamhchistithe sochair shainithe aoisliúntais don fhoireann.

Tá na torthaí, a leagtar amach thíos, bunaithe ar luacháil achtúireachta na ndliteanas pinsin i leith comhaltaí foirne reatha agus iarchomhaltaí foirne amhail an 31 Nollaig 2015. Rinne achtúire neamhspleách cháilithe an luacháil seo chun críocha an chaighdeáin chuntasaíochta, Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais Uimh. 102 (FRS 102).

### A. Anailís ar Chostais Shochair Scoir Gearrtha ar Chaiteachas

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Costais Reatha Seirbhíse | 1,361 | 861 |
| Ús ar dhliteanais na scéime pinsin | 561 | 648 |
| Asbhaintí Aoisliúntais Foirne | (186) | (180) |
| **Costas Pinsin sa tréimhse** | **1,736** | **1,329** |

### B. Anailís ar athruithe ar Dhliteanais le linn na bliana

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Dliteanas na Scéime amhail an 1 Eanáir | 25,512 | 16,478 |
| Costas reatha seirbhíse | 1,361 | 861 |
| Costas úis | 561 | 648 |
| (Gnóthacan)/caillteanas achtúireach | (5,817) | 7,801 |
| Sochair a íocadh sa bhliain | (172) | (276) |
| **Dliteanas na scéime amhail an 31 Nollaig** | **21,445** | **25,512** |

### C. Cistiú Iarchurtha le haghaidh Pinsean

Aithníonn ÚFIÉ na suimeanna seo amhail bheith ina sócmhainn a chomhfhreagraíonn don dliteanas neamhchistithe le haghaidh pinsean ar bhonn sraith toimhdí a ndéantar cur síos orthu thuas, mar aon le líon imeachtaí roimhe seo. Níl aon fhianaise ag ÚFIÉ nach leanfaidh an beartas cistithe seo leis na suimeanna sin a chomhlíonadh i gcomhréir leis an gcleachtas reatha.

| Glanchistiú Iarchurtha le haghaidh Pinsean sa Bhliain | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Cistiú atá in-aisghnóthaithe maidir le costais phinsin na bliana reatha | 1,922 | 1,509 |
| Deontas Stáit a úsáideadh chun pinsin a íoc | (172) | (276) |
| | **1,750** | **1,233** |

B'ionann an sócmhainn mhaoinithe iarchurtha do phinsin amhail an 31 Nollaig 2015 agus €21,445,000 (2014: €25,512,000).

### D. Stair ar ghnóthachan agus caillteanas taithí

| | 2015 | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| **Gnóthachain/ (Caillteanais) ó Thaithí ar Dhliteanais na Scéime** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Suim (€) | 187 | 75 | 1,688 |
| Céatadán luach reatha dhliteanais na scéime | 0.9% | 0.3% | 10.20% |
| Méid iomlán arna aithint sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach | 5,817 | (7,801) | 1,688 |
| Céatadán luach reatha dhliteanais na scéime | 27.1% | (30.6%) | 10.20% |

Is ionann an caillteanas achtúireach carnach arna aithint sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus €6,366,000 (2014: €12,183,000).

## E. Cur síos Ginearálta ar an Scéim Pinsin

Socrú pinsin um shochar sainithe deiridh is ea an scéim phinsin le sochair agus ranníocaíochta sainmhínithe trí thagairt do rialacháin scéime "mhúnla" reatha na hearnála poiblí. I gcás ranníocóirí ÁSPC aicme D, cuireann an scéim pinsean (an t-ochtódú cuid in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin chéilí agus leanaí ar fáil. I gcás ranníocóirí ÁSPC aicme A, cuireann an scéim pinsean (dhá ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse) a mhéid le tairseach 3 1/3 uair uasráta bliantúil an phinsin ranníocaigh stáit, aisce nó cnapshuim (trí ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin chéilí agus leanaí ar fáil. Is é an Gnáthaois scoir 65ú breithlá baill, agus tá daoine a bhí ina mbaill roimh 2004 i dteideal dul ar scor gan laghdú achtúireach ó aois 60. Is iondúil go méadaíonn pinsin atá á n-íoc (agus á gcur siar) de réir bhoilsciú tuarastail ginearálta na hearnála poiblí.

Scéim pinsin sochair shainithe do státseirbhísigh arna gceapadh ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh de réir Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (an Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012 atá sa Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (Scéim Aonair). Folaíonn an scéim do phinsean agus cnapshuim scoir bunaithe ar luach saothair inphinsin meánach feadh na gairme, agus pinsin chéile agus leanaí. Is é 66 bliain d'aois aois íosta an phinsin (ardaíonn an aois ar aon dul le hathruithe ar aois phinsin an Stáit). Áirítear ann áis luathscoir arna laghdú go hachtúireach ó aois 55. Ardaíonn pinsin á n-íoc de réir na treoiruimhreach praghsanna do thomhaltóirí.

Bunaíodh an luacháil a úsáidtear do nochtaí FRS 102 ar an luacháil achtúireach iomlán ar an 9 Feabhra 2016 a dhéanann achtúire neamhspleách cháilithe ag tabhairt riachtanais FRS san áireamh d'fhonn measúnú a dhéanamh ar dhliteanais scéime amhail an 31 Nollaig 2015.

Ba iad na príomhthoimhdí airgeadais a úsáideadh:

| | amhail an 31/12/15 | amhail an 31/12/14 | amhail an 31/12/13 |
|---|---|---|---|
| Ráta lascaine | 2.80% | 2.20% | 3.75% |
| Ráta méadaithe na dtuarastal | 3.25% | 3.50% | 3.50% |
| Ráta méadaithe na bpinsean | 3.00% | 3.25% | 3.25% |
| Boilsciú | 1.75% | 1.25% | 2.00% |

Is iad seo a leanas na Táblaí Básmhaireachta a úsáidtear:

Gníomhach agus Iarchurtha:

| | |
|---|---|
| **Réamhscoir** | Fireann: 62% den PNML00<br>Mná: 70% den PNFL00 |
| **Iarscoir** | Fireann: 58% den ILT15<br>Mná: 62% den ILT15 |
| **Pinsinéirí:** | Fireann: 58% den ILT15<br>Mná: 62% den ILT15 |

Bunaithe ar na táblaí seo, is ionann a leanas an t-ionchas saoil amach anseo ag aois 65 i gcás fear agus ban:

| | |
|---|---|
| Pinsinéir reatha (in 2015) ag aois 65 bliain: | Fear 20.9 bliain<br>Bean 23.5 bliain |
| Pinsinéir amach anseo (in 2035) ag aois 65:: | Fear 23.5 bliain<br>Bean 25.5 bliain |

## 15. CEANGALTAIS DEONTAIS

Meastar gur ionann íocaíochtaí amach anseo ar dóchúil go n-eascróidh siad as tiomantais a ndeachthas isteach iontu faoi scéimeanna tacaíochta áirithe agus €17,928,289 (2014: €14,419,162).

| | Tiomanta Amhail an 1 Eanáir 2015 | Tiomanta I rith na tréimhse | Díthiomanta | Íocaíochtaí | Tiomanta Amhail an 31 Nol 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Éifeachtúlacht Fuinnimh** | | | | | |
| Fuinneamh Níos Fearr, Tithe Níos Teo | 831 | 297 | (569) | (356) | 203 |
| Clár Píolótach Maoinithe Fuinnimh Níos Fearr | 19 | 300 | (20) | (67) | 232 |
| Imscrúdú Speisialta Comhaontuithe Fuinnimh | 54 | 41 | (17) | (52) | 26 |
| Eiseamláirí | 597 | 130 | | (181) | 546 |
| Ceantair Thithe Níos Teo | 1,353 | 14 | (1,231) | 49 | 185 |
| Tithe Fuinnimh Níos Fearr | 4,904 | 22,741 | (4,494) | (14,325) | 8,826 |
| Pobail Fuinnimh Níos Fearr | 4,177 | 19,733 | (3,155) | (16,122) | 4,633 |
| **Fuinneamh In-Athnuaite** | | | | | |
| Taighde, Forbairt & Úsáid Fuinneamh In-athnuaite | 502 | 1,126 | (243) | (945) | 440 |
| Feithiclí Leictreacha | 93 | 3,430 | (275) | (2,644) | 604 |
| Clár Ocean | 1,890 | 1,896 | (68) | (1,485) | 2,233 |
| | **14,420** | **49,708** | **(10,072)** | **(36,128)** | **17,928** |

## 16. NOCHTAÍ NA BPÁIRTITHE BAINTEACHA

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus comhaltaí an Bhord Stiúrthóirí atá i bpríomhphearsanra bainistíochta ÚFIÉ. B'ionann an cúiteamh iomlán arna íoc le príomhphearsanra bainistíochta, lena n-áirítear táillí agus costais chomhaltaí an Bhoird agus luach saothair iomlán an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus €185,623 (2014: €169,832). I gcomhair scagadh ar an luach saothair agus na sochair a íoctar le príomhphearsanra bainistíochta, feic nóta 5.1 agus nóta 17.

Ghlac an Bord le nósanna imeachta i gcomhréir le hAlt 18 den Acht um Fhuinneamh Inmharthana, 2002 agus i gcomhréir le treoirlínte a d'eisigh an Roinn Airgeadais maidir le nochtadh leasa ag Comhaltaí Boird agus cloíodh leis na nósanna imeachta siúd i rith na bliana. De réir Beartas um Choinbhleachtaí Leasa ÚFIÉ, dhá uair i rith na bliana, ghabh beirt chomhaltaí Boird a leithscéal ó chinneadh Boird d'fhonn aon choinbhleacht leasa féideartha nó braite i ndáil leis an gClár Pobal um Fhuinneamh Níos Fearr a sheachaint.

## 17. TÁILLÍ AGUS COSTAIS CHOMHALTAÍ BOIRD

Íocann ÚFIÉ táillí agus costais lena chomhaltaí Boird de réir rialachán agus ciorclán na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Chuir ÚFIÉ cinneadh an Rialtais Mhárta 2010 i bhfeidhm maidir le táillí le haghaidh comhaltaí de Chomhlachtaí Stáit. Íocadh costais chomhalta boird €1,209 in 2015 (2014: €1,676).

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| **Táillí Boird** | | |
| Brendan Halligan [a] | - | 9 |
| Julie O'Neill [b] | 8 | 5 |
| Brian T. Carroll [g] | - | - |
| Anne Farrell [c] | 7 | 7 |
| Michelle Green [c] | 7 | 7 |
| Edgar Morgenroth [e] | - | - |
| Paddy Phelan [b] | 5 | - |
| Micheal Wall [b] | 5 | - |
| Lisa Ryan [b] | 5 | - |
| Peter Brennan [b] | 5 | - |
| Declan Waugh | - | 3 |
| Anne Connolly [g] | 8 | 8 |
| Micheal McGarry [d] | 8 | 8 |
| Patrick Gilroy [g] | 8 | 8 |
| Brian Motherway [f] | - | - |
| William Walsh [h] | - | - |
| **Iomlán** | **66** | **55** |

[a] Ar scor an 30 Meán Fómhair 2014
[b] Arna cheapadh an 6 Bealtaine 2015
[c] Arna athcheapadh an 27 Bealtaine 2014
[d] Arna cheapadh an 14 Bealtaine 2013
[e] Ar scor Aibreán 2015
[f] Éirithe as an 2 Nollaig 2015
[g] Arna athcheapadh an 6 Bealtaine 2015
[h] Arna cheapadh an 3 Nollaig 2015

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| **Costais Chomhaltaí Boird** | | |
| Míleáiste intíre | – | – |
| Cothabháil intíre | – | – |
| Intíre eile | 1 | 2 |
| Aertháillí thar lear | – | – |
| | **1** | **2** |

## 18. LÉASANNA OIBRIÚCHÁIN – ÁITREABH

Tá ceannoifig ÚFIÉ lonnaithe ag Teach Pháirc Wilton, Baile Átha Cliath 2 agus fo-oifigí acu i nDún Dealgan, Corcaigh, Sligeach agus Béal an Mhuirthead, Co. Mhaigh Eo. Tá léas áise sealadach ag ÚFIÉ ag rith ón 1 Iúil 2009 go dtí an 28 Deireadh Fómhair 2019 ar a Cheannoifig ag Teach Pháirc Wilton. Tá na híosíocaíochtaí léasa seo a leanas ag an Údarás don todhchaí nach féidir a chealú faoi léasanna oibriúcháin do gach ceann de na tréimhsí seo a leanas:

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| **Léasanna Oibriúcháin** | | |
| Taobh istigh de bhliain amháin | 8 | 17 |
| Le linn 2 go 5 bliana | 439 | 439 |
| Thar 5 bliana | | |
| **Iomlán** | **447** | **456** |

**B'ionann an íocaíocht um léas oibriúcháin arna aithint mar chostais agus €476,309 (2014: €435,246)**

## 19. FIGIÚIRÍ COMPARÁIDEACHA

Rinneadh figiúirí inchomparáide áirithe don bhliain a athghrúpáil nó a chur i láthair athuair ar an mbonn céanna leis an mbliain reatha.

## 20. FOSTAITHE

### Conradh Buan agus Fadtéarma

B'ionann an meánlíon d'fhostaithe conartha bhuain agus fhadtéarmaigh don tréimhse agus 53 (2014: 52). B'ionann Creat Rialaithe Fostaíochta ÚFIÉ ag deireadh na bliana 2015 agus 62 (2014: 62).

## 21. AISTRIÚ CHUIG FRS 102

Is í seo an chéad bhliain gur chuir an tÚdarás a thorthaí i láthair faoi FRS 102. Bhain na ráitis airgeadais deiridh faoi GAAP na hÉireann leis an mbliain dar chríoch an 31 Nollaig 2014. Ba é an dáta aistrithe chuig FRS 102 an 1 Eanáir 2014. Leagtar amach thíos na hathruithe i mbeartais chuntasaíochta a réitíonn cúlchistí iomlána amhail an 1 Eanáir 2014 agus an 31 Nollaig 2014 agus an barrachas don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2014 idir GAAP na hÉireann mar a tuairiscíodh roimhe seo agus FRS 102.

| | | Amhail an 1 Eanáir 2014 | Amhail an 31 Deireadh Fómhair 2014 |
|---|---|---|---|
| | Nótaí | €'000 | €'000 |
| **Réiteach Caipitil agus Cúlchistí** | | | |
| Caipiteal agus Cúlchistí mar a luadh cheana | | 1,766 | 3,526 |
| Tabhú Pá Saoire | 1 | (69) | (53) |
| **Caipiteal agus Cúlchistí Iomlán Athluaite** | | **1,697** | **3,473** |

| | | Bliain dar chríoch an 31ú Nollaig 2014 |
|---|---|---|
| | Nótaí | €'000 |
| **Réiteach Barrachas don bhliain** | | |
| Barrachas don Bhliain Airgeadais mar a tuairiscíodh cheana | 1 | 1,852 |
| Tabhú Pá Saoire | | 16 |
| **Barrachas don bhliain mar a athluadh** | | **1,868** |

## 22. FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

Ceadaíonn an Bord na ráitis airgeadais ar an 1 Márta 2016.

SUSTAINABLE ENERGY AUTHORITY OF IRELAND

**Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann**
Teach Pháirc Wilton,
Plás Wilton
Baile Átha Cliath 2
Éire
D02 T228

t +353 1 808 2100
f +353 1 808 2002
r info@seai.ie
g www.seai.ie

@seai_ie

**An tAontas Eorpach**
Ciste Forbraíochta
Réigiúnaí na hEorpa

Ireland's European Structural and Investment Funds Programmes 2014-2020
Co-funded by the Irish Government and the European Union